**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0224/2022**

28.7.2022

# TUARASCÁIL

maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach in 2020 agus 2021 (2021/2186(INI))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Juan Fernando López Aguilar

PR_INICONTENTS

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

SEASAMH MIONLAIGH .....................................................................................................34

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM ACHAINÍOCHA .....................................................................35

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................47

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........48

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach in 2020 agus 2021 (2021/2186(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagal 2 de, ina luaitear go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 2(1), 20 agus 21 di,

– ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/1534 ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas Eorpach a áirithiú[1],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 dar teideal *on a more inclusive and protective Europe: extending the list of EU crimes to hate speech and hate crime* [maidir le hEoraip níos cuimsithí agus níos cosantaí: liosta de choireanna an Aontais a leathnú chuig fuathchaint agus fuathchoireacht] (COM(2021) 0777),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] (COM(2020)0152),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2020 dar teideal *EU Strategy on victims' rights (2020-2025)* [Straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach (2020-2025)] (COM(2020)0258),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal *Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais LADTIA 2020-2025] (COM(2020)0698),

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Márta 2021 maidir leis an dearbhú gur Limistéar Saoirse LADTIA atá san Aontas Eorpach[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Meitheamh 2021 ar staid na sláinte agus na gceart gnéis agus atáirgthe in AE, faoi chuimsiú shláinte na mban[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Iúil 2021 maidir le sáruithe ar dhlí AE agus ar chearta

[1] IO L 331, 20.9.2021, lch. 8.
[2] IO C 474, 24.11.2021, lch. 140.
[3] IO C 81, 18.2.2022, lch. 43.

saoránach LADTIA san Ungáir mar thoradh ar na hathruithe dlíthiúla a ghlac Parlaimint na hUngáire[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2021 maidir le cearta LADTIA in AE[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Sásra AE um an Daonlathas, an Smacht Reachta agus Cearta Bunúsacha a bhunú[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Nollaig 2019 maidir le hidirdhealú poiblí agus fuathchaint i gcoinne dhaoine LADTI, lena n-áirítear limistéir saor ó LADTI[7],

– ag féachaint do na moltaí ón Meitheal um Ghrinnscrúdú ar Frontex sa Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar a leagtar síos i dtuarascáil an choiste an 14 Iúil 2021 maidir leis an imscrúdú aimsithe fíoras ar Frontex i ndáil le sáruithe líomhnaithe ar chearta bunúsacha,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 14 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal *Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais LADTIA 2020-2025][8],

– ag féachaint don díospóireacht sa Choiste um Ghnóthaí Reatha de chuid na Comhdhála um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha i gComhairle na hEorpa, agus do thuarascálacha ina dhiaidh sin uaidh an 17 Bealtaine 2021 dar teideal *The role of local authorities with regard to the situation and rights of LGBTIQ people in Poland* [Ról na n-údarás áitiúil maidir le staid agus cearta daoine LADTIA sa Pholainn] agus an 17 Meitheamh 2021 dar teideal *Protecting LGBTI people in the context of rising anti-LGBTI hate speech and discrimination: the role of local and regional authorities* [Daoine LADTI a chosaint i gcomhthéacs fuathchaint agus idirdhealú in aghaidh LADTI atá ag dul i méid: ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach],

– ag féachaint do na tuarascálacha ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, go háirithe a tuarascálacha maidir le cearta bunúsacha do na blianta 2020 agus 2021,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2020 dar teideal *on the strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU* [maidir leis an straitéis chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a neartú san Aontas] (COM(2020)0711),

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2021 dar teideal *Protecting Fundamental Rights in the Digital Age – 2021 Annual Report on the Application of the EU Charter of Fundamental Rights* [Cosaint do Chearta Bunúsacha san Aois Dhigiteach – Tuarascáil Bhliantúil 2021 maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a Chur i bhFeidhm] (COM(2021)0819),

[4] IO C 99, 1.3.2022, lch. 218.
[5] IO C 117, 11.3.2022, lch. 2.
[6] IO C 395, 29.9.2021, lch. 2.
[7] IO C 255, 29.6.2021, lch. 7.
[8] IO C 61, 4.2.2022, lch. 36.

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Achainíocha,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0224/2022),

A. de bhrí gurb amhlaidh, faoi Airteagal 2 CAE, atá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad; de bhrí nach mór d'institiúidí an Aontais agus do gach Ballstát aonair seasamh, ina mbeartais uile, leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; de bhrí go bhfuil an Coimisiún, in éineacht leis an bParlaimint agus leis an gComhairle, freagrach faoi na Conarthaí as urraim don smacht reachta a ráthú mar bhunluach de chuid an Aontais agus as a chinntiú go n-urramaítear dlí, luachanna agus prionsabail an Aontais agus go gcloítear leo;

B. de bhrí go dtagraítear in Airteagal 151 CFAE do chearta sóisialta bunúsacha, amhail na cearta sin a leagtar amach i gCairt Shóisialta na hEorpa; de bhrí nár aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine go fóill, in ainneoin na hoibleagáide atá air déanamh amhlaidh faoi Airteagal 6(2) CAE;

C. de bhrí gur cuireadh isteach ar raon leathan ceart bunúsach in 2020 agus 2021 de bharr bearta sriantacha chun paindéim COVID-19 a chomhrac, amhail na cearta chun saorghluaiseachta agus comhthionóil, an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, lena n-áirítear cosaint sonraí pearsanta, agus na cearta chun oideachais, oibre agus slándála sóisialta; de bhrí gur measa na dúshláin agus na neamhionannais a bhí ann cheana i réimsí uile an tsaoil de bharr na paindéime, go ndearnadh dochar do ghrúpaí leochaileacha, ach go háirithe, mar gheall uirthi, agus go raibh sí ina cúis le méadú ar theagmhais chiníocha;

D. de bhrí gur ceart bunúsach é an ceart chun córa comhionainne agus neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear in Airteagail 2 agus 3(3) CAE, in Airteagail 8, 10, 19 agus 157 CFAE agus in Airteagail 21 agus 23 den Chairt um Chearta Bunúsacha;

E. de bhrí go gcuimsíonn an téarma 'Romaigh' gach duine agus leanbh ar de chúlra Romach, Kalè, Manúiseach, Lovara, Rissende, Boyash, Domare, Kalderash agus Sintíoch é nó í; de bhrí go bhfuil an sainmhíniú nua ar Romaigh níos fearr a mhéid a bhaineann le fiú iad siúd atá stiogmataithe mar ghiofóga gan an cúlra eitneach comhfhreagrach acu, amhail Éigiptigh, Aisceailígh nó Taistealaithe, a áireamh; de bhrí go bhfuil pobail na Romach fós ar cheann de na grúpaí is leochailí agus is mó a ndéantar cos ar bolg orthu san Aontas;

F. de bhrí gur minic a baineadh úsáid as an ngéarchéim sláinte mar leithscéal chun ionsaí a dhéanamh ar mhionlaigh, lena n-áirítear imircigh, daoine ó chúlraí imirceach agus Romaigh, a bhí faoi réir idirdhealú ciníoch agus eitneach, fuathchainte agus fuathchoireachta cheana féin; de bhrí go bhfuil mná agus leanaí ar Romaigh iad, a ndéantar idirdhealú iolrach nó trasnach orthu go minic, i measc na ngrúpaí agus na ndaoine aonair is mó atá faoi bhagairt sna Ballstáit agus sna tíortha aontachais agus sna tíortha is iarrthóirí, ós rud é gur measa fós na bacainní a bhíonn rompu ná mar a bhíonn

roimh fhir ar Romaigh iad sa phobal i gcoitinne, agus gur minic a bhíonn siad ina gcónaí i lonnaíochtaí bochta, tuaithe nó uirbeacha – atá neamhfhoirmiúil go minic – ina mbíonn an rochtain ar oideachas, ar obair agus ar sheirbhísí sláinte teoranta, gan rochtain ar shláintíocht ná ar uisce glan, agus gur ísle an t-ionchas saoil atá acu – staid atá níos measa fós mar gheall ar phaindéim COVID-19;

G. de bhrí gur ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa moladh ar an 20 Bealtaine 2022 maidir leis an bhfuathchaint a chomhrac agus ina dtugtar treoir neamhcheangailteach maidir leis an gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar an bhfeiniméan; de bhrí gur cuireadh de chúram ar an gCoiste Saineolaithe nuabhunaithe maidir leis an bhFuathchoireacht a Chomhrac dréachtmholadh a ullmhú do Choiste na nAirí, faoi dheireadh 2023, maidir leis an bhfuathchoireacht;

H. de bhrí gur spriocdíríodh d’aon ghnó ar chearta grúpaí mionlaigh áirithe i roinnt Ballstát, rud a chuir teannadh lena leithéid in áiteanna eile, agus a rian sin le haithint ar an gcúlú ar chearta na mban agus dhaoine LADTIA; de bhrí gur straitéisí d’aon ghnó iad sin arb é is aidhm leo cosaint chearta bunúsacha an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE a lagú; de bhrí gur ghlac an Chomhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha i gComhairle na hEorpa rún lena meabhraítear freagracht na n-údarás áitiúil maidir le cearta dhaoine LADTIA a chosaint agus lena n-iarrtar orthu ‘Saineolaí Áitiúil maidir le Comhionannas agus Éagsúlacht’ a cheapadh; de bhrí gur leag Coiste Eorpach na Réigiún roinnt moltaí amach maidir le ról gníomhach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i ndáil le hidirdhealú dhaoine LADTIA a chosc agus maidir lena gcosaint ar an idirdhealú;

I. de bhrí gurb amhlaidh, le linn dhianghlasálacha COVID-19, a bhí daoine LADTIA, go háirithe daoine óga, gan chosaint ar rátaí foréigin teaghlaigh agus foréigin inscnebhunaithe os cionn an mheáin mar gheall ar idirdhealú toisc gur LADTIA iad; de bhrí go bhfuil daoine LADTIA níos leochailí i leith easpa dídine, agus go ndeachaigh an staid sin chun an donais mar gheall ar dhianghlasálacha COVID-19;

J. de bhrí go bhfuil saoirse na meán ar cheann de cholúin agus ráthaíochtaí an daonlathais fheidhmiúil agus an smachta reachta; de bhrí gur codanna ríthábhachtacha den cheart chun tuairimí a nochtadh agus den cheart um shaoráil faisnéise iad saoirse na meán, an t-iolrachas, agus neamhspleáchas agus sábháilteacht iriseoirí, agus go bhfuil siad bunriachtanach d’fheidhmiú daonlathach an Aontais agus na mBallstát; de bhrí gur cheart do na húdaráis phoiblí creat dlíthiúil agus rialála a ghlacadh lena gcothófar forbairt ar na meáin a bheidh saor, neamhspleách agus iolraíoch; de bhrí go bhfuil ag méadú i gcónaí i roinnt Ballstát ar chiapadh ar líne, bagairtí agus imeachtaí sibhialta i gcoinne iriseoirí, go háirithe iriseoirí iniúchta, ag polaiteoirí mór le rá agus ag daoine ón saol poiblí, lena n-áirítear comhaltaí den rialtas; de bhrí gur tuairiscíodh cásanna de chur isteach polaitiúil ar na meáin ar fud na mBallstát; de bhrí go bhfuil bacainní fós roimh iriseoirí a mhéid a bhaineann le rochtain a fháil ar fhaisnéis agus doiciméid phoiblí;

K. de bhrí gur saincheist an-tromchúiseach é coirpigh a dhéanamh d’iriseoirí de bharr a gcuid oibre; de bhrí nár cheart iriseoirí a chur i bpríosún ná téarma príosúnachta a bhagairt orthu mar gheall ar chlúmhilleadh; de bhrí nár cheart do na Ballstáit pionóis choiriúla a fhorchur as cionta sna meáin ach i gcásanna ina gcuirtear isteach go mór ar chearta bunúsacha eile, agus gur cheart dóibh a áirithiú nach gcuirtear na pionóis sin i

bhfeidhm ar iriseoirí ar bhealach idirdhealaitheach nó treallach;

L. de bhrí gur tháinig sé chun solais, agus é ina cúis mhór imní, gur bhain roinnt tíortha, lena n-áirítear Ballstáit de chuid an Aontais, úsáid as an earra spiaireachta faireachais Pegasus i gcoinne iriseoirí, polaiteoirí agus gníomhaithe eile, agus gur cosúil go ndeimhníonn an méid sin go bhfuil contúirtí ag luí le mí-úsáid na teicneolaíochta faireachais chun an bonn a bhaint ó chearta an duine agus ón daonlathas;

M. de bhrí gur gné bhunúsach den tsaoirse chun tuairimí a nochtadh í an sceithireacht agus go bhfuil ról ríthábhachtach aici maidir le héagóir a bhrath agus a thuairisciú, agus maidir le cuntasacht dhaonlathach agus trédhearcacht a neartú; de bhrí gur príomhfhoinse faisnéise í an sceithireacht sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe, agus chun cásanna éillithe laistigh den earnáil phoiblí agus den earnáil phríobháideach a imscrúdú, a shainaithint agus a phoibliú; de bhrí gur réamhchoinníollacha iad cosaint leormhaith sceithirí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, chomh maith le haitheantas don ról tábhachtach atá ag sceithirí sa tsochaí, chun éifeachtacht an róil sin a áirithiú;

N. de bhrí nach ndearna roinnt Ballstát ceanglais uile Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a chur chun feidhme go fóill[9], go háirithe na ceanglais sin maidir le neamhspleáchas rialtóirí náisiúnta mhargadh na meán;

O. de bhrí gur ghlac an Pharlaimint, an 24 Meitheamh 2021, rún cuimsitheach maidir le sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo, ina leagtar amach an fhís atá aici maidir leis an ábhar sna Ballstáit; de bhrí go n-aithnítear sa rún gur ann d’easnaimh agus gur díol sásaimh é an dul chun cinn atá déanta, agus go dtugtar raidhse moltaí ann chun rochtain ar tháirgí míosta do chách, ar oideachas cuimsitheach gnéasachta, ar fhrithghiniúint nua-aimseartha mar straitéis maidir le comhionannas inscne, ar chúram atáirgthe sábháilte agus dlíthiúil, ar chóireálacha torthúlachta, agus ar chúram máithreachais, toirchis agus breithe do chách a áirithiú;

P. de bhrí gurb amhlaidh, de réir suirbhé a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha maidir le foréigean in aghaidh na mban, nach ndéanann íospartaigh an fhoréigin páirtí ach na teagmhais is tromchúisí a thuairisciú do na póilíní i 14 % de chásanna, agus nach ndéanann dhá thrian d’íospartaigh ar mná iad foréigean a thuairisciú go córasach do na húdaráis, bíodh sin de bharr eagla a bheith orthu nó de bharr easpa faisnéise faoi chearta íospartach, nó mar gheall ar an tuairim ghinearálta gur ábhar príobháideach é foréigean páirtí dlúthchaidrimh nár cheart a fhógairt go poiblí;

Q. de bhrí gur sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha an duine é an foréigean inscnebhunaithe agus gur bac mór é ar chomhionannas inscne a bhaint amach sa tsochaí; de bhrí go bhfuil difear díréireach á dhéanamh do mhná agus cailíní i gcónaí le foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean gnéasach, ciapadh agus ciorrú ball giniúna ban, i measc cineálacha eile, chomh maith le foréigean teaghlaigh agus foréigean páirtí dlúthchaidrimh; de bhrí gur féidir na gníomhartha foréigin sin a

---

[9] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos leis an dlí, rialachán nó gníomh riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar, IO L 95, 15.4.2010, lch. 1.

dhéanamh go poiblí agus go príobháideach;

R. de bhrí go bhfuil feiniméan an chibearfhoréigin inscnebhunaithe ag dul i méid, agus gur thuairiscigh bean amháin as gach cúigear idir 18 agus 29 mbliana d’aois gur fhulaing siad gnéaschiapadh ar líne san Aontas; de bhrí nach mór timpeallacht shábháilte a sholáthar do chách, lena n-áirítear mná agus cailíní, sa réimse poiblí digiteach; de bhrí nach féidir aon saoirse ó phionós a bheith sa timpeallacht ar líne; de bhrí gur iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún, in dhá thuarascáil reachtacha féintionscnaimh, tograí a thíolacadh maidir le foréigean inscnebhunaithe agus cibearfhoréigean a chomhrac agus maidir le foréigean inscnebhunaithe a chur leis an liosta in Airteagal 83(1) CFAE mar réimse nua coireachta;

S. de bhrí gurb amhlaidh, i roinnt mhaith Ballstát, a samhlaíodh na bearta dianghlasála agus scartha shóisialta a tugadh isteach le linn phaindéim COVID-19 le méadú as cuimse ar leitheadúlacht agus déine na gcásanna foréigin páirtí dlúthchaidrimh, foréigin síceolaíoch agus rialaithe chomhéignigh, agus cibearfhoréigin, agus freisin le méadú 60 % ar líon na nglaonna éigeandála arna dtuairisciú ag íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh; de bhrí gurb amhlaidh, mar gheall ar an gceanglas fanacht sa bhaile agus ar an méadú ar ‘scáthphaindéim’ an fhoréigin inscnebhunaithe, ar cúis mhór imní é, a bhí sé deacair ar mhná agus leanaí rochtain a fháil ar chosaint éifeachtach, seirbhísí tacaíochta éifeachtacha agus ceartas éifeachtach, agus gur nochtadh nár leor na hacmhainní agus na struchtúir thacaíochta agus go raibh an rochtain a bhí ag íospartaigh ar sheirbhísí tacaíochta teoranta, rud a d’fhág go leor díobh gan cosaint leormhaith thráthúil; de bhrí gur cheart do na Ballstáit dea-chleachtais a chomhroinnt i dtaca le bearta sonracha chun cúnamh tráthúil agus inrochtana a sholáthar d’íospartaigh, lena n-áirítear córais téacsála éigeandála a chur ar bun nó pointí teagmhála a chruthú chun cabhair a lorg i gcógaslanna agus in ionaid siopadóireachta; de bhrí go bhfuil foréigean páirtí dlúthchaidrimh in aghaidh na mban á thearcthuairisciú, ar chúiseanna éagsúla, ag íospartaigh agus a dteaghlaigh, a gcairde, a lucht aitheantais agus a gcomharsana san Aontas, in ainneoin leitheadúlacht an fheiniméin, agus gurb amhlaidh a bhí, go háirithe, le linn phaindéim COVID-19; de bhrí gur ann d’easpa shuntasach sonraí cuimsitheacha, inchomparáide agus imdhealaithe ó thaobh inscne de, rud a fhágann go bhfuil sé deacair measúnú iomlán a dhéanamh ar thionchar na géarchéime;

T. de bhrí go bhfuil cearta leanaí á sárú i gcónaí sna Ballstáit mar thoradh ar fhoréigean, mí-úsáid, dúshaothrú, bochtaineacht, eisiamh sóisialta agus idirdhealú bunaithe ar reiligiún, míchumas, inscne, féiniúlacht ghnéasach, aois, eitneacht, imirce nó stádas cónaithe; de bhrí go bhfuil beagnach 25 % de leanaí faoi bhun 18 mbliana d’aois i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta san Aontas; de bhrí go ndéantar deiseanna oideachais, cúram leanaí, cúram sláinte, bia agus tithíocht leormhaith, tacaíocht teaghlaigh agus fiú cosaint ar fhoréigean a cheilt ar leanaí de bharr na bochtaineachta agus tá sí in ann éifeachtaí a bheith aici a mhaireann ar feadh i bhfad; de bhrí go mbaineann an comhrac in aghaidh na bochtaineachta leanaí freisin le cearta bunúsacha agus le hoibleagáidí dlíthiúla, mar a thug Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha le fios; de bhrí gur cuspóir sainráite le beartais de chuid an Aontais agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha é an bhochtaineacht leanaí a chomhrac agus, chuige sin, ní mór tús áite a thabhairt do leasanna an linbh i ngníomhaíochtaí uile an Aontais;

U. de bhrí gur cuireadh brú nach bhfacthas a leithéid roimhe seo ar leanaí agus teaghlaigh ar fud an Aontais mar gheall ar phaindéim COVID-19, go háirithe orthu siúd a bhí faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta cheana; de bhrí gur minic a bhíonn trealamh leormhaith TF, rochtain ar an idirlíon, agus spás oibre iomchuí agus na dálaí oibre iomchuí de dhíth ar leanaí ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, rud a chuir leis na neamhionannais foghlama a bhí ann cheana le linn na paindéime; de bhrí gur mó riosca atá ann de bharr na paindéime agus na mbeart a glacadh mar fhreagairt uirthi go mbíonn leanaí gan chosaint ar fhoréigean, lena n-áirítear teacht i dtír gnéasach leanaí agus mí-úsáid ghnéasach leanaí arna n-éascú leis an teicneolaíocht; de bhrí gur neamhleor i gcónaí iad na dálaí glactha leanaí i roinnt Ballstát, cé go bhfuil níos lú iarratais ar thearmann leanaí á dtíolacadh;

V. de bhrí gurb amhlaidh, faoi Airteagal 47 den Chairt, a theastaíonn rochtain ar bhinse neamhspleách i leith an chirt bhunúsaigh chun leighis éifeachtaigh; de bhrí gur tharla sé arís agus arís eile nach raibh na breithiúna in ann a ról ó thaobh rialú neamhspléach ar úsáid threallach na cumhachta ag brainsí feidhmiúcháin agus reachtacha an rialtais a chomhlíonadh de bharr tionchar polaitiúil nó smacht ar na breithiúna agus bacainní comhchosúla ar neamhspleáchas na mbreithiúna aonair; de bhrí go bhfuil córas breithiúnach éifeachtach, neamhspleách agus neamhchlaonta bunriachtanach chun an smacht reachta agus cosaint chearta bunúsacha agus shaoirsí sibhialta na saoránach san Aontas a áirithiú;

W. de bhrí gur léiríodh le paindéim COVID-19 gur mainníodh aghaidh a thabhairt ar chás na ndaoine a athchuirtear faoi choimeád; de bhrí go raibh tréimhsí coinneála níos faide ann i roinnt Ballstát mar thoradh ar mhoilleanna ar éisteachtaí cúirte agus ar imscrúduithe, cé go raibh na cleachtais a bhain le leas a bhaint as athchur faoi choimeád le linn phaindéim COVID-19 éagsúil ó Bhallstát go chéile; de bhrí go raibh daoine ar ceileadh a saoirse orthu níos leochailí i leith ráig COVID-19 ná mar a bhí an pobal i gcoitinne mar gheall ar na dálaí teoranta ina raibh siad ag cur fúthu ar feadh tréimhsí fada; de bhrí go raibh dúnadh cúirteanna agus/nó moilleanna ar éisteachtaí agus ar imscrúduithe ina gcúis le mearbhall agus éiginnteacht d’amhrastaigh, go háirithe dóibh siúd a bhí faoi choimeád, agus is ar éigean a bhí tuairim acu cén uair a bheadh a dtriail ar siúl agus cá fhad eile a choinneofaí iad;

X. de bhrí go ndeimhnítear leis an dlí idirnáisiúnta nach féidir duine a choimeád ar an gcúis gur iarrthóir tearmainn é nó í, agus ar an gcúis sin amháin; de bhrí nach féidir coinneáil a úsáid, dá bhrí sin, ach mar rogha dheiridh agus chun críche a bhfuil bonn cirt léi, agus chun na críche sin amháin; de bhrí gurb amhlaidh, i gcás daoine atá *de jure* gan stát agus freisin i gcás daoine atá *de facto* gan stát, a fhágann a n-easpa stádais dhlíthiúil nó doiciméadachta go bhfuil an riosca ann go gcoinneofaí go ceann tréimhse éiginnte iad, rud atá neamhdhleathach faoin dlí idirnáisiúnta;

Y. de bhrí nach mór creat gníomhaíochta a sholáthar, le straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach (2020-2025) chun saoirse ó phionós dlíthiúil agus sóisialta a chosc, agus slándáil agus cosaint chearta bunúsacha shaoránaigh uile an Aontais a mhéadú;

Z. de bhrí go bhfuil coimirciú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras bunriachtanach don fhorbairt aeráid-díonach, agus gur ainmníodh 2021-2030 mar Dheich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras; de bhrí gur fhógair an Coimisiún

gur ghá glacadh tionscnamh reachtach ríthábhachtach maidir le cosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear dlí suaitheanta maidir le hathchóiriú an dúlra, a chur siar roinnt mhaith míonna; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm leis an gComhaontú Glas don Eoraip caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus dea-bhail na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol; de bhrí go mbeidh tionchar dearfach ag roinnt de na tionscnaimh reachtacha a bheartaítear ar leibhéal na cosanta comhshaoil, mar a chumhdaítear in Airteagal 37 den Chairt;

***An smacht reachta agus cearta bunúsacha***

1. á chur i bhfios go láidir gur bunchloch an daonlathais é an smacht reachta, lena gcoinnítear scaradh na gcumhachtaí, lena n-áirithítear cuntasacht, lena rannchuidítear le hiontaoibh in institiúidí poiblí agus lena ráthaítear prionsabail na dlíthiúlachta, deimhneacht dhlíthiúil, toirmeasc ar chineál treallach na gcumhachtaí feidhmiúcháin, neamhspleáchas breithiúnach, neamhchlaontacht agus comhionannas os comhair an dlí; á chur i bhfáth go bhfuil an smacht reachta agus neamhspleáchas breithiúnach go háirithe ríthábhachtach do chumas na saoránach a gcuid ceart bunúsach agus a saoirse a theachtadh;

2. á athdhearbhú gurb iad an smacht reachta, saoirse agus iolrachas na meán agus an comhrac in aghaidh an éillithe, go bunúsach, is bunchloch faoi na sochaithe seo againne, agus gur bunluachanna de chuid an Aontais iad a imríonn tionchar ar an uile cheart bunúsach; á chur in iúl gur oth léi, áfach, go bhfuiltear ag leanúint de sháruithe ar na prionsabail sin i roinnt Ballstát agus gur bagairt thromchúiseach iad ar dháileadh cóir, dlíthiúil agus neamhchlaonta chistí an Aontais;

3. á mheas go bhfuil dlúthbhaint ag an smacht reachta le hurraim don daonlathas agus do chearta bunúsacha, agus á thabhairt chun suntais gurb ionann meath aon cheann de na luachanna sin agus ionsaí ar cholúin an Aontais a shonraítear in CAE; á iarraidh in athuair raon feidhme thuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta a leathnú chun luachanna uile Airteagal 2 CAE a áireamh chun forléargas iomlánaíoch a sholáthar ar an staid sna Ballstáit go léir; á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá aici, lena n-áirítear an nós imeachta dá bhforáiltear faoin Sásra Coinníollachta maidir leis an Smacht Reachta, chun aghaidh a thabhairt ar na sáruithe sin ar phrionsabail an smachta reachta, an daonlathais agus na gceart bunúsach;

4. ag cáineadh go láidir na sáruithe tromchúiseacha ar phrionsabail an smachta reachta i roinnt Ballstát, ar sáruithe iad atá ina gcúis le contúirt thromchúiseach maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha; á mheas gur de chineál sistéamach iad na sáruithe sin i gcásanna áirithe; ag cur béim ar an nasc idir caighdeáin an smachta reachta a bheith ag dul in olcas agus sáruithe ar chearta bunúsacha, amhail iad siúd a dhéantar i réimse na breithiúnachta, ionsaithe ar iriseoirí agus ar na meáin shaora, lena n-áirítear úsáid iomarcach a bheith á baint as forneart ag údaráis forfheidhmithe dlí le linn agóidí agus ag teorainneacha an Aontais, easpa ráthaíochtaí agus próis chuí do dhaoine arna gcoimeád, gríosú chun fuatha ag gníomhaithe polaitiúla, méadú ar chumhacht na n-údarás ollfhaireachas a dhéanamh agus bailiú forleathan sonraí idircheaptha, agus srianta arna bhforchur ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fhaigheann cistiú eachtrach

nó bunaithe ar a gcleamhnacht reiligiúnach; á cháineadh, thairis sin, go ndearna rialtas roinnt Ballstát iarrachtaí scaradh na gcumhachtaí agus neamhspleáchas na mbreithiúna a lagú; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di, go háirithe, na cinntí lena dtarraingítear amhras ar phríomhacht an dlí Eorpaigh agus á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as na modhanna uile atá ar fáil chun gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne na n-ionsaithe sin;

5. á thabhairt chun suntais gur aontas é an tAontas Eorpach atá, de bhun Airteagal 2 CAE, bunaithe ar an smacht reachta, agus go bhfuil forfheidhmiú dhlí an Aontais ríthábhachtach chun a áirithiú gur féidir leis na saoránaigh leas cuí a bhaint as a gcearta bunúsacha; á chur in iúl gur oth léi, maidir leis sin, gur lú úsáid a bhain an Coimisiún as a bhosca uirlisí forfheidhmithe agus, go háirithe, níos lú agus níos lú sáruithe á dtionscnamh aige; á thabhairt dá haire, dá bhrí sin, gur mó a bhíonn ar shaoránaigh an Aontais dul i muinín na dlíthíochta chun a gcearta bunúsacha a theachtadh; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis an dlíthíocht sin trí chiste tiomnaithe a chur ar bun maidir le cabhair airgeadais do dhlíthíocht straitéiseach i gcás chearta na Cairte;

6. á chur i bhfáth go bhfuil staid an smachta reachta san Aontas Eorpach ag dul in olcas i gcónaí, in ainneoin an iliomad rún agus tuarascálacha uaithi, agus in ainneoin roinnt mhaith imeachtaí agus cinntí maidir le sárú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) in 2020 agus 2021; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil an Coimisiún in ann freagairt go cuí ar ábhair iomadúla imní na Parlaiminte maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha i roinnt mhaith Ballstát; á chur i bhfáth gur gá faireachán agus forfheidhmiú cuimsitheach a dhéanamh ar chomhlíonadh luachanna uile Airteagal 2 CAE; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán cuimsitheach a áireamh i dtuarascáil bhliantúil ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha mar chuid de shásra an Aontais maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha;

7. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach pianbhreitheanna cúirte a fhorfheidhmiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus á cháineadh a laghad atá breithiúnais CBAE agus na gcúirteanna náisiúnta á gcomhlíonadh ag na húdaráis phoiblí lena mbaineann; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór breithiúnais CBAE a chur chun feidhme go tráthúil agus a luaithe is féidir i gcomhréir leis na Conarthaí, go háirithe na breithiúnais sin lena bhféachtar le hidirdhealú bunaithe ar inscne, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, saintréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach a chosc;

8. á athdhearbhú go bhfuil an t-éilliú ina bhagairt thromchúiseach ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chóir chomhionann do gach saoránach; á thabhairt chun suntais go bhfuil nasc idir an t-éilliú agus sáruithe ar chearta bunúsacha i líon réimsí amhail neamhspleáchas na mbreithiúna, saoirse na meán agus an tsaoirse atá ag iriseoirí agus sceithirí tuairimí a nochtadh, saoráidí coinneála, rochtain ar chearta sóisialta agus an gháinneáil ar dhaoine; á iarraidh ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit an t-éilliú a chomhrac go diongbháilte agus ionstraimí éifeachtacha a cheapadh chun an t-éilliú a chosc agus a chomhrac agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith, agus chun calaois a chomhrac, mar aon le faireachán rialta a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as cistí poiblí; á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur arís lena fhaireachán agus tuairisciú frith-

éillithe láithreach bonn, lena dtagraítear d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit;

9. á chur i bhfáth gur laige a bhíonn an tAontas Eorpach ina iomláine agus go mbaintear an bonn ó iontaoibh na saoránach de bharr na neamhghníomhaíochta agus cur chuige neamartach maidir le struchtúir olagarcacha agus leis an sárú sistéamach ar an smacht reachta; á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú nach i bpócaí na ndaoine sin a bhaineann an bonn ó chomhluachanna an Aontais a chríochnóidh airgead na gcáiníocóirí riamh;

10. á chur i bhfios go láidir gur mó atá riosca an éillithe mar thoradh ar na bearta éigeandála ba chúis le comhchruinniú cumhachtaí agus maoluithe ar chearta bunúsacha; á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a áirithiú go gcuirtear reachtaíocht agus creataí institiúideacha leormhaithe chun an t-éilliú a chomhrac i bhfeidhm go héifeachtach i gcleachtas, agus go ngníomhaíonn rialtais ar bhealach trédhearcach agus cuntasach; á iarraidh ar na Ballstáit, maidir leis sin, súil ghéar a choinneáil ar na treoirlínte a d'eisigh an Grúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO) i gComhairle na hEorpa in 2020 chun rioscaí éillithe a chosc i gcomhthéacs na paindéime;

11. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an bonn á bhaint ón rochtain ar cheartas atá ag na saoránaigh mar gheall ar fhadhbanna struchtúracha i roinnt Ballstát maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna agus le huathriail seirbhísí ionchúisimh, agus go bhfuil tionchar diúltach ag na fadhbanna struchtúracha sin ar a gcuid ceart agus saoirsí; á mheabhrú go mbíonn tionchar ag easnaimh sa smacht reachta i mBallstát amháin ar an Aontas ina iomláine agus go ndéanann siad difear do chearta gach duine san Aontas; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais breithiúna agus ionchúisitheoirí a chosaint ar ionsaithe polaitiúla agus ar aon iarrachtaí brú a chur orthu agus, ar an gcaoi sin, an bonn a bhaint óna gcuid oibre;

12. á chur i bhfáth gurb amhlaidh, faoi Airteagal 47 den Chairt, a theastaíonn rochtain ar bhinse neamhspleách i leith an chirt bhunúsaigh chun leighis éifeachtaigh; á thabhairt dá haire go bhfuil dúshláin ag luí le cúirteanna bunreachtúla náisiúnta agus le roinnt polaiteoirí; á áitiú nach mór do na Ballstáit dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, chomh maith le breithiúnais CBAE agus ECtHR, lena n-áirítear na breithiúnais sin a bhaineann le neamhspleáchas na mbreithiúna, a chomhlíonadh go hiomlán; á cháineadh gur mhainnigh ar roinnt Ballstát, lena n-áirítear an Pholainn agus an Ungáir, an iliomad dlíthe de chuid an Aontais agus an iliomad breithiúnas ón gcúirt Eorpach a chomhlíonadh; á iarraidh ar na Ballstáit an ról ríthábhachtach atá ag CBAE agus ECtHR a urramú agus cloí lena gcuid rialuithe;

13. á athdhearbhú go gcáineann sí an cleachtas maidir le breithiúna a dhéanann cáineadh ar Rialtas na Polainne a ionchúiseamh agus a chiapadh; á iarraidh ar Rialtas na Polainne athchóiriú críochnúil a dhéanamh ar an gcóras araíonachta do bhreithiúna i gcomhréir le rialuithe CBAE, agus na breithiúna go léir a bhris Dlísheomra Araíonachta neamhdhleathach na Cúirte Uachtaraí as a bpost a athbhunú, lena n-áirítear na breithiúna sin a bhfuil cosc á chur orthu i gcónaí breithniú a dhéanamh, cé gur éirigh leis an achomharc a rinne siad i gcúirt dlí i gcoinne a bhfionraithe ag an Dlísheomra; á iarraidh ar údaráis na Polainne rialuithe éagsúla CBAE agus ECtHR a chomhlíonadh maidir le comhdhéanamh agus eagrú an 'Bhinse Bhunreachtúil' neamhdhlisteanaigh agus Sheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí chun caighdeáin an neamhspleáchais

bhreithiúnaigh a bhfuil gealltanas tugtha ag an bPolainn ina leith a chomhlíonadh;

14. á chur in iúl gur geal léi na nósanna imeachta um shárú a sheol an Coimisiún i gcoinne na hUngáire agus na Polainne mar chuid de phacáiste um shárú mhí Iúil 2021 i ndáil le hurraim do chearta daonna dhaoine LADTIA agus le sáruithe ar dhlí an Aontais, arbh é an chéad uair é a thionscain an Coimisiún sáruithe go sonrach chun a gcearta a choimirciú; ag tabhairt tuairim réasúnaithe an Choimisiúin do Rialtas na hUngáire maidir leis an dlí 'in aghaidh LADTIA' agus freagra an rialtais dá haire, agus á iarraidh ar an gCoimisiún dul ar aghaidh leis an sárú tríd an gcás a thabhairt chuig CBAE; á thabhairt dá haire go ndearna Ard-Chúirt Bhúdaipeist cinneadh lena ndearnadh an oibleagáid séanadh a phriontáil i leabhair leanaí a chur ar neamhní san Ungáir, agus á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an cháis d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile is gá maidir leis an sárú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa oibre leantaí i leith nósanna imeachta um shárú maidir le limistéir 'saor ó LADT' na Polainne agus an easpa comhair dhílis ar thaobh údaráis na Polainne, agus á iarraidh ar an gCoimisiún tuairim réasúnaithe a chur chuig Rialtas na Polainne;

15. á thabhairt dá haire go ndearna an Pharlaimint, i mí Dheireadh Fómhair 2021 caingean dlí a sheoladh os comhair CBAE de bhun Airteagal 265 CFAE in aghaidh an Choimisiúin maidir lena mhainneachtain gníomhú agus an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta[10] a chur i bhfeidhm, ar méid é sin a d'iarr sí in dhá rún in 2021 agus a tháinig tar éis don Choimisiún freagraí míshásúla a thabhairt agus iarracht a dhéanamh an t-am a chur i bhfad; á chur in iúl gur oth léi nach raibh freagra tugtha ag an gCoimisiún ar iarraidh na Parlaiminte Airteagal 6(1) den rialachán a ghníomhachtú agus nach raibh ach iarrataí ar fhaisnéis seolta aige chuig an Ungáir agus chuig an bPolainn faoi dheireadh 2021;

16. ag athdhearbhú a seasaimh i ndáil leis an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 agus atá infheidhme go díreach ina iomláine san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit uile maidir le gach ciste faoi bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear acmhainní a leithdháileadh ó shin tríd an tSaoráid shealadach Téarnaimh agus Athléimneachta NextGenerationEU dar luach EUR 800 billiún; á mheabhrú go soláthraítear sainmhíniú soiléir ar an smacht reachta sa Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta, nach mór a thuiscint i ndáil le luachanna eile an Aontais, lena n-áirítear cearta bunúsacha agus neamh--idirdhealú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil tionchar díreach ag idirdhealú atá urraithe ag an stát i gcoinne mionlach ar na tionscadail a gcinneann na Ballstáit airgead an Aontais a chaitheamh orthu agus, dá bhrí sin, go mbíonn tionchar díreach aige ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) den Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta a ghníomhachtú láithreach;

17. á mheabhrú nár tugadh aon fhreagra cuí fós ar thionscnamh na Parlaiminte maidir le sásra de chuid an Aontais um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú, atá le rialú le comhaontú idirinstitiúideach idir an Pharlaimint, an Coimisiún agus an Chomhairle; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle dul i mbun caibidlíochta láithreach leis an bParlaimint maidir le comhaontú idirinstitiúideach

[10] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1.

de bhun Airteagal 295 CFAE;

18. ag aithint an róil ríthábhachtaigh atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint; á chur i bhfáth go rannchuidíonn siad go mór le prionsabail an smachta reachta sna Ballstáit a chaomhnú, le guth a thabhairt do dhaoine leochaileacha agus imeallaithe, agus le rochtain ar sheirbhísí sóisialta ríthábhachtacha a áirithiú; á aithint gur réamhriachtanas don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta bunúsacha é spás sibhialta folláin; á chur i bhfáth gur cheart don Aontas, dá bhrí sin, gealltanas a thabhairt maidir le spás sibhialta a chaomhnú agus a chothú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach, lena n-áirítear trí straitéis thiomnaithe a ghlacadh chuige sin;

19. á chur in iúl gur geal léi bunú gasta Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh atá éifeachtúil, neamhspleách agus oibríochtúil go hiomlán chun an comhrac i gcoinne na calaoise san Aontas Eorpach a neartú; á thabhairt chun suntais go bhfuil sé tábhachtach tacú leis an gcomhar idir institiúidí an Aontais Eorpaigh, na Ballstáit, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus leis an gcomhar sin a neartú;

20. á mheabhrú gurb é an toradh a bhí ar phaindéim COVID-19, go háirithe le linn na gcéimeanna tosaigh di, sáruithe tromchúiseacha ar an tsaorghluaiseacht agus ar an tsaoirse oibre, meath ar dhálaí oibre agus maireachtála, lena n-áirítear i gcás oibrithe séasúracha agus trasteorann ar fud an Aontais; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear deireadh leis na srianta ar chearta bunúsacha a eascraíonn as an bpaindéim a luaithe is féidir i bhfianaise na staide sláinte poiblí, agus go ndéantar na cearta agus na saoirsí go léir a athbhunú ina n-iomláine;

21. á thabhairt chun suntais go bhfuil cúlú ar an smacht reachta i roinnt mhaith Ballstát thar thréimhsí éagsúla agus ar leibhéil éagsúla údaráis, ó leibhéal an fheidhmeannais, mar a bhfuil nósanna imeachta amhail dlús a bheith á chur le dlíthe le linn éigeandálaí stáit, go dtí an leibhéal áitiúil, amhail mí-úsáid fhorleatach arna déanamh ag údaráis phóilíneachta; á mheabhrú gur cheart úsáid na cumhachta lánroghnaí a rialú le hathbhreithnithe breithiúnacha nó neamhspleácha eile agus gur cheart go mbeadh na leigheasanna atá ar fáil soiléir agus inrochtana go héasca, go háirithe i gcás mí-úsáide, lena n-áirítear rochtain ar ombudsman nó ar dhlínse neamhchonspóideach de chineál eile; á iarraidh ar na Ballstáit sásraí a bhunú chun mí-úsáid cumhachtaí lánroghnacha a chosc agus a cheartú agus pionós a ghearradh ina leith, agus cúiseanna leormhaithe a sholáthar lena gcinntí, go háirithe nuair a dhéanann siad difear do chearta daoine aonair;

22. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh tionchar nach bhfacthas a leithéid roimhe seo ag paindéim COVID-19 agus ag na freagairtí a lean í ar fheidhmiú na gcúirteanna agus ar an gcumas cearta cosanta a fheidhmiú, lenar cuireadh srian mór ar chumas dlíodóirí dul i gcomhairle lena gcuid cliant; á chur i bhfios go láidir go raibh srian mór ar rochtain ar stáisiúin phóilíneachta agus ar chúirteanna, agus go ndearnadh go leor éisteachtaí cúirte a chur siar nó a bhogadh ar líne; á chur i bhfáth go raibh impleachtaí tromchúiseacha ag na bearta sin maidir le cumas daoine a gabhadh, a ionchúisíodh nó a coimeádadh a gceart chun trialach córa a fheidhmiú;

23. á chur i bhfáth nach amhlaidh, i bhfianaise phaindéim COVID-19, a scaoiltear na húdaráis forfheidhmithe dlí ón oibleagáid atá orthu na leasanna i dtrácht a chothromú go cúramach agus a gcumhachtaí a úsáid ar bhealach a gcomhlíontar a n-oibleagáidí maidir le cearta an duine; á mheabhrú gurb amhlaidh, i gcás ina ndearnadh sáruithe ar chearta an duine a bhaineann le póilíneacht agus le húsáid fornirt, nach mór do na Ballstáit imscrúduithe prasa, críochnúla, éifeachtacha agus neamhspleácha a dhéanamh, agus a áirithiú go ndéantar gach duine atá freagrach a thabhairt chun cuntais i dtrialacha cothroma;

24. á chur in iúl gur cúis bhuartha di tionchar ghéarchéim COVID-19 ar dhaoine atá faoi choimeád; á chur i bhfáth gur ghlac roinnt Ballstát bearta chun an líon daoine i bpríosúin a laghdú, ach gur minic nach ndearnadh amhlaidh ach ar bhonn sealadach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarchéim sheanbhunaithe san Aontas a mhéid a bhaineann le plódú i bpríosúin, arb é an úsáid iomarcach a bhaintear as athchur faoi choimeád is mó is cúis leis[11]; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá ag teacht ar na fadhbanna meabhairshláinte atá ag daoine arna n-athchur faoi choimeád; á mheabhrú nach bhfuil sé inghlactha daoine atá neamhchiontach go dlíthiúil a athchur faoi choimeád ach mar bheart eisceachtúil nuair nach bhfuil an dara rogha ann, agus á iarraidh ar na Ballstáit teorainn a chur leis an spleáchas ar an athchur faoi choimeád agus breathnú ar roghanna malartacha air; á chur i bhfáth go bhfuil gá le caighdeáin de chuid an Aontais maidir le hathchur faoi choimeád, lenar cheart an phianbhreith íosta is gá a bhunú sula bhforchuirfí athchur faoi choimeád ionas go ndíolmhófaí mionchiontóirí; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nár cheart daoine aonair a choinneáil i bpríosún thar an teorainn dhlíthiúil agus iad ag feitheamh ar thriail, agus nach mór cásanna a thabhairt chun trialach laistigh de thréimhse réasúnach ama; á iarraidh ar an gCoimisiún íoschaighdeáin a mholadh maidir le dálaí príosúin agus coinneála san Aontas;

*An ceart chun córa comhionainne*

25. á chur i bhfáth, agus é ina chúis bhuartha di, gur ann i gcónaí do chleachtais idirdhealaitheacha, bunaithe ar fhorais amhail gnéas, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne; á iarraidh ar an gCoimisiún beartais phoiblí a chur chun cinn arb é is aidhm leo deireadh a chur leis an idirdhealú sin, agus a áirithiú go ndéantar Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle maidir leis an gcineachas agus an tseineafóibe a chomhrac a chur chun feidhme[12] go cuí agus go hiomlán; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún imeachtaí um shárú a thionscnamh in aghaidh Ballstáit nach ndéanann amhlaidh;

26. á thabhairt chun suntais gurb amhlaidh, de réir thuarascálacha bliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha maidir le cearta bunúsacha, atá cleachtais, beartais agus dlíthe institiúideacha idirdhealaitheacha á saothrú ag go leor Ballstát; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chun feidhme agus forfheidhmiú iomlán na reachtaíochta frith-idirdhealaithe a áirithiú,

[11] Fair Trials, *Europe: Increase in pre-trail detention rates erodes rule of law*, 28 Aibreán 2021.
[12] Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil, IO L 328, 6.12.2008, lch. 55.

imeachtaí um shárú a sheoladh i gcoinne na mBallstát nach ndéanann reachtaíocht frith-idirdhealaithe an Aontais a thrasuí nó a chur chun feidhme go hiomlán, agus dlús a chur le bearta chun idirdhealú institiúideach a chosc, go háirithe i bhforfheidhmiú an dlí agus sa chóras breithiúnach, a bhféadfadh tionchar níos tromchúisí a bheith aige ar dhaoine aonair ó ghrúpaí ar leochaileach a gcás; á mheabhrú go bhfuil géarghá leis an gcosaint in aghaidh an idirdhealaithe a leathnú thar fhostaíocht trí chur chuige cothrománach agus trasnach; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an Treoir maidir le Cóir Chomhionann a dhíbhlocáil gan a thuilleadh moille agus gan na caighdeáin a ísliú;

27. á chur i bhfáth gur cheart do na Ballstáit, de réir thuarascáil 2021 Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha maidir le cearta bunúsacha, feabhas mór a chur ar éifeachtacht a gcuid beart agus socruithe institiúideacha chun an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha[13] a chur i bhfeidhm go cuí agus go hiomlán, go háirithe trí fheabhas a chur ar neamhspleáchas comhlachtaí comhionannais trína áirithiú go bhfuil an sainordú agus na hacmhainní cuí agus is gá acu chun na cúraimí a shanntar dóibh i reachtaíocht neamh-idirdhealaithe an Aontais a dhéanamh go héifeachtach;

28. ag tathant ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí ciníochas a chomhrac, lena n-áirítear trí reachtaíocht uaillmhianach a mholadh; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, a áirithiú go ndéantar obair leantach chuí ar phlean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh an chiníochais 2020-2025[14] agus sásraí éifeachtúla faireacháin agus meastóireachta a chur ar bun chun dul chun cinn a thomhas;

29. á chur in iúl gur geal léi gur cheap an Coimisiún comhordaitheoir um chearta íospartach, gur ghlac sé a chéad straitéis maidir le cearta íospartach agus gur chuir sé ardán um chearta íospartach ar bun; á chur i bhfáth, áfach, go bhfuil dúshláin fós ann i roinnt Ballstát maidir le rochtain ar cheartas, go háirithe d'íospartaigh ar leochaileach a gcás, agus maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna;

30. á iarraidh go mbeidh sásra príomhshruthaithe ann maidir le comhar i mbeartais chomhionannais an Aontais agus i mbeartais chomhionannais náisiúnta agus chun na beartais sin a chomhordú, agus é á áirithiú go ndéantar an uile chineál idirdhealaithe, go háirithe cineálacha trasnacha, a chur san áireamh agus beartais á n-athbhreithniú agus á nglacadh, lena n-áirítear trí mheasúnuithe tionchair comhionannais ar bhealach rialta agus trédhearcach, i gcomhréir le spriocanna agus amlínte soiléire, ar bhonn na fianaise agus trí tháscairí feidhmíochta a úsáid; á iarraidh go mbunófar dlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, le heagraíochtaí tacaíochta agus le pobail agus daoine a ndéantar idirdhealú orthu, agus acmhainní leormhaithe a áirithiú, san am céanna, chun gníomhaíocht agus faireachán a dhéanamh ar bhearta;

31. ag cáineadh an mhéadaithe ar ionsaithe ar dhaoine LADTIA agus ag tathant ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun deireadh a chur leis na hionsaithe sin agus chun comhionannas éifeachtach a ráthú do dhaoine LADTIA i ngach

---

[13] Treoir 2000/43/CE an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, OJ L 180, 19.7.2000, lch. 22.

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2020 dar teideal *A Union of equality: EU anti-racism action plan 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: plean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh an chiníochais 2020-2025] (COM(2020)0565).

réimse;

32. ag cáineadh an chur chuige a ghlac roinnt rialtas san Aontas chun reachtaíocht a ghlacadh trí nósanna imeachta meara gan aon chomhairliúchán poiblí nó fiú, i gcásanna eisceachtúla, trí athruithe bunreachtúla mar bhealach chun beartais idirdhealaitheacha a dhlisteanú, ar beartais iad nach bhféadfaí reachtaíocht a rith ina leith murach sin, amhail forálacha a dhírítear go sonrach ar dhaoine LADTIA; ag tabhairt dá haire gur formheasadh athruithe ar bhunreacht na hUngáire agus gur ghlac Parlaimint na hUngáire an bille 'in aghaidh LADTIA' i mí an Mheithimh 2021, ar samplaí suntasacha den chúngach ar an gceart chun córa comhionainne agus ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe iad; á chur in iúl gur geal léi gur fhoilsigh 18 mBallstát ráiteas comhpháirteach ina gcáintear na leasuithe in aghaidh LADT i nDlí na hUngáire um Chosaint Leanaí; á chur in iúl gur geal léi gur athdhearbhaigh 16 Bhallstát a dtacaíocht don chomhrac i gcoinne an idirdhealaithe in aghaidh dhaoine LADTIA; á chur i bhfáth nach bhfuil aon amhras ach go n-áirítear le cur chun cinn an tionscadail Eorpaigh cur chun cinn na caoinfhulaingthe, an ghlactha, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne;

33. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na tuairiscí maidir le forneart iomarcach, brúidiúlacht na bpóilíní agus mí-iompar i gcoinne na Romach ar fud an Aontais, ar tuairiscí iad atá ag teacht le torthaí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a foilsíodh in 2020, inar léiríodh freisin go bhfuil na Romaigh ag maireachtáil go forleathan faoi bhochtaineacht agus i ndálaí maireachtála neamhleora, go bhfuil drochshláinte acu, go n-eisiatar ó mhargadh an tsaothair iad agus go ndéantar ciapadh orthu; ag cáineadh an eisiaimh shóisialta agus an fhrithghiofógachais atá fós ann agus is siocair le coiriúlú díréireach na Romach, agus á iarraidh ar an gCoimisiún reachtaíocht níos fearr agus bearta beartais sonracha a chur ar aghaidh chun na teagmhais sin a chosc agus chun ceartas a thabhairt do na híospartaigh, agus an comhrac i gcoinne an fhrithghiofógachais á chur i gcroílár bheartais an Aontais san am céanna;

34. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil líon suntasach Romach fós ag cur fúthu i lonnaíochtaí imeallaithe san Aontas, i ndálaí thar a bheith forbhásach agus in imthosca socheacnamaíocha an-lag, ar minic nach mbíonn rochtain acu ar uisce óil glan, leictreachas, tithíocht shábháilte leormhaith, oideachas, fostaíocht, cúram sláinte, saoráidí séarachais ná bailiú dramhaíola; á mheabhrú gur léir go bhfuil an staid i lonnaíochtaí Romacha ina sárú ar chearta an duine agus ar chearta bunúsacha, agus go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha aici, go háirithe do leanaí na Romach; ag tathant ar na Ballstáit cloí leis an moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach[15], agus freisin le creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach faoi choinne 2020-2030[16], agus leas iomlán a bhaint as cistiú an Aontais agus as cistiú náisiúnta chuige sin; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena fhaireachán ar dhul chun cinn na mBallstát agus céimeanna breise a ghlacadh dá réir sin;

---

[15] Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, IO C 93, 19.3.2021, lch. 1.
[16] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *A Union of equality: EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participations* [Aontas an Chomhionannais: creat straitéiseach maidir leis na Romaigh le haghaidh comhionannais, cuimsithe agus rannpháirtíochta (COM(2020)0620).

35. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil an cleachtas lena ndéantar leanaí ó ghrúpaí mionlaigh a leithscaradh i scoileanna fós ina shaincheist mhór san Eoraip; ag cur béim ar an bhfíoras gurb é is cúis leis na cleachtais sin, go minic, mídhiagnóisiú a bheith á dhéanamh go bhfuil leanaí faoi mhíchumas intleachta bunaithe ar a n-imthosca sóisialta nó pearsanta; á iarraidh ar na Ballstáit a mbeartais chuimsitheacha a neartú chun cosc a chur ar na cleachtais idirdhealaitheacha sin, bídís d'aon ghnó nó ná bídís, agus sásraí maoirseachta a bhunú chun cinntí diagnóiseacha a athbhreithniú agus a aisiompú, i gcás inar gá;

36. á iarraidh ar na Ballstáit rannpháirtíocht chuí na gcomhlachtaí cosanta sóisialta-dlíthiúla a áirithiú maidir le leanaí agus caomhnóireacht shóisialta i bpobail imeallaithe na Romach chun a áirithiú go bhfaigheann leanaí an chosaint agus an cúram is gá dá ndea-bhail agus dá bhforbairt, agus a leasanna á n-urramú ag an am céanna, agus nósanna imeachta a chuirtear in oiriúint do riachtanais éagsúla na bpobal Romach imeallaithe a chur ar bun chun a gcuid dualgas a chur i gcrích ar an mbealach céanna le leanaí an mhóraimh;

37. á thabhairt chun suntais go leagtar síos spriocanna uaillmhianacha i seacht bpríomhréimse i gcreat straitéiseach nua an Aontais maidir leis na Romaigh le haghaidh comhionannais, cuimsithe agus rannpháirtíochta: neamh-idirdhealú, cuimsiú, rannpháirtíocht, oideachas, fostaíocht, sláinte agus tithíocht, agus fónann sé mar chreat faireacháin níos láidre ina bhfuil raon spriocanna inchainníochtaithe agus intomhaiste chun dul chun cinn a rianú; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéantar obair leantach chuí ar an straitéis agus ar dhul chun cinn; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, thairis sin, an toirmeasc ar phróifíliú ciníoch nó eitneach a fhorfheidhmiú i bhforfheidhmiú an dlí, i mbearta frithsceimhlitheoireachta agus i rialuithe imirce, chomh maith le foréigean póilíneachta, agus cuntasacht a áirithiú;

38. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh idirdhealú agus naimhdeas i gcoinne grúpaí áirithe a bheith mar thoradh ar bheartais sceimhlitheoireachta agus frithsceimhlitheoireachta, lena n-áirítear pobail de dhath, pobail Mhoslamacha, gluaiseachtaí frithchiníochais, gníomhaithe agus eagraíochtaí; á chur in iúl gur oth léi, i gcásanna áirithe, go n-áirítear leis na beartais sin dlisteanú, coiriúlú nó iarracht a dhéanamh dioscúrsaí polaitiúla, reiligiúnacha agus dioscúrsaí eile a choiriúlú, a bhféadfadh cleachtais idirdhealaitheacha forfheidhmithe dlí a bheith mar thoradh orthu, amhail próifíliú ciníoch agus reiligiúnach, agus éifeachtaí sóisialta níos leithne amhail féinchinsireacht agus laghdú ar an spás don tsochaí shibhialta;

39. á chur in iúl gur geal léi cinneadh an Choimisiúin comhairliúchán poiblí a eagrú maidir le nuashonrú a dhéanamh ar Threoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta[17] mar chuid de straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach (2020-2025), agus é mar aidhm leis feabhas éifeachtach a chur ar an gcúnamh agus ar an gcosaint a thugtar d'íospartaigh, lena n-áirítear íospartaigh na sceimhlitheoireachta, agus á aithint a thábhachtaí atá sé a ndínit a chaomhnú; á iarraidh ar na hinstitiúidí lena mbaineann go ndéanfaí coimircí a sholáthar chun cosc a chur ar aon íospairt ina dhiaidh sin arna díorthú ó náiriú agus ionsaithe i

[17] Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

leith íomhá na n-íospartach a thagann ó earnálacha sóisialta a bhaineann leis an ionsaitheoir;

40. á iarraidh an athuair ar institiúidí uile AE agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin amhail teacht i dtír gnéasach ar leanaí, pornagrafaíocht leanaí, cosaint leanaí imirceacha neamhthionlactha, staid leanaí institiúidithe agus faoi mhíchumas, cosaint leanaí a d’fhulaing foréigean baile agus teacht i dtír sa láthair oibre, agus leanaí atá ar iarraidh;

41. á chur in iúl gur geal léi gur thug an Coimisiún aird ar mholtaí na Parlaiminte agus gur ghlac sé straitéis uaillmhianach maidir le cearta daoine faoi mhíchumas don tréimhse 2021-2030[18]; ag athdhearbhú a thábhachtaí atá sé na bearta atá beartaithe a chur chun feidhme agus bearta náisiúnta a fhorbairt tuilleadh chun a áirithiú nach mbeidh daoine faoi mhíchumas faoi mhíbhuntáiste nó nach ndéanfar idirdhealú orthu ó thaobh fostaíochta, oideachais agus cuimsiú sóisialta de agus go ráthófar go hiomlán a gcearta mar a bheartaítear iad i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas;

42. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú atá ag teacht ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, go háirithe mar thoradh ar phaindéim COVID-19, chomh maith leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoireacht; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an brú ar leith nach bhfacthas a leithéid riamh atá curtha ag an bpaindéim ar dhaoine aonair atá i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear mná, daoine aonair ó ghrúpaí ciníocha, imircigh agus daoine faoi mhíchumas; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di gur baineadh úsáid mhéadaitheach as géarchéim COVID-19 mar leithscéal chun ionsaí a dhéanamh ar ghrúpaí i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear imircigh, daoine ó chúlraí imirceach agus Romaigh, atá faoi réir idirdhealú ciníoch agus eitneach, fuathchainte agus fuathchoireachta cheana féin;

43. ag cur béim ar an bhfíoras gur nocht paindéim COVID-19 bearnaí ollmhóra in acmhainneacht agus ullmhacht chórais cúraim sláinte, oideachais, fostaíochta agus cosanta sóisialta na mBallstát; á chreidiúint go láidir nach mór do na Ballstáit feabhas mór a chur ar a gcórais cúraim sláinte, leasa shóisialta agus cúnaimh shóisialta chun a áirithiú go dtabharfaidh siad tacaíocht iomlán do chách, go háirithe do dhaoine níos leochailí, fiú le linn géarchéime, agus ar an gcaoi sin cearta sláinte, eacnamaíocha agus sóisialta gach duine a chosaint go leormhaith;

44. á chur in iúl gur oth léi go ndearna paindéim COVID-19 difear díréireach do phobail Romacha imeallaithe mar gheall ar dhrochdhálaí tithíochta, rochtain theoranta ar uisce, ar leictreachas agus ar shláintíocht, agus easpa rochtana ar an idirlíon agus ar threalamh TF iomchuí, rud a d’fhág go raibh na Romaigh óga ag titim chun deiridh níos mó fós i /oideachas scoile; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go háirithe gur mhéadaigh tionchar phaindéim COVID-19 ar na Romaigh neamhionannais agus gur spreag sé an dochar, lena n-áirítear cásanna d’fhoréigean póilíneachta; ag tabhairt dá haire gur oth léi go ndearnadh milleán ar an bpobal Romach go minic le linn na paindéime; ag tabhairt dá haire go raibh siad neamhchosanta ar stiogmatú, ar idirdhealú agus ar fhuathchaint a

---

[18] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 dar teideal Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030 [An tAontas Comhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine atá faoi Mhíchumas 2021-2030] (COM(2021)0101).

nascann an víreas lena n-eitneacht; á chur in iúl gur saoth léi gur minic a léirigh roinnt meán agus líonraí sóisialta Romaigh mar ghuais don tsláinte phoiblí atá freagrach as an víreas a scaipeadh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta nach mór do phobail Romacha a fhulaingt, agus aird ar leith á tabhairt ar chearta na mban Romach agus na leanaí Romacha;

45. á chur i bhfáth gur riachtanas bunúsach í tithíocht agus gur ceart bunúsach é an rochtain ar an tithíocht, go háirithe cúnamh tithíochta, toisc nach féidir le saoránaigh nach bhfuil tithíocht acu páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí ná leas a bhaint as a gcearta bunúsacha uile; á iarraidh ar na Ballstáit glacadh leis, gan mhoill, gur cheart dóibh a bheith faoi cheangal ag Airteagal 31 de Chairt Shóisialta na hEorpa athbhreithnithe maidir leis an gceart chun tithíochta; á chur in iúl gur cúis bhuartha ar leith di go gceiltear ar dhaoine óga tithíocht mar gheall ar an méadú ollmhór ar phraghsanna tithe, go háirithe i gceantair uirbeacha áirithe;

46. á aithint gur cineál eile idirdhealaithe í an bhochtaineacht a mbíonn sárú ar chearta bunúsacha mar thoradh air, go háirithe na grúpaí sin is mó a ndéantar difear dá gcearta cheana féin, amhail mná, imircigh, daoine gorma agus daoine de dhath agus mionlaigh, pobal LADTIA agus leanaí; á thabhairt chun suntais leochaileacht ar leith leanaí agus an tionchar atá ag an mbochtaineacht orthu agus ar a bhforbairt fhisiceach agus shíceolaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit beartais a fhorbairt chun an bhochtaineacht a laghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí; á iarraidh ar na Ballstáit rochtain ar chúram sláinte, ar oideachas ardcháilíochta agus ar thithíocht a ráthú ar bhonn cothrom do chách agus deireadh a chur le laghdú na seirbhísí poiblí, as ar eascair rátaí bochtaineachta níos airde agus, thar aon ní eile, neamhionannais; á mheabhrú gur cearta bunúsacha iad cearta eacnamaíocha agus sóisialta; á iarraidh an athuair ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún cearta bunúsacha a bhreithniú agus tograí beartais eacnamaíoch á ndéanamh ag an am céanna;

47. á chur i bhfáth gur cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun an ceart chun poist ardcháilíochta a ráthú, ar ceart é ar féidir a réiteach le saol pearsanta agus saol teaghlaigh an duine agus le forbairt duine, ós rud é gurb é sin an bealach is fearr chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht; á aithint go ndéantar an ceart sin a shárú go soiléir i gcás dúshaothrú agus mí-úsáid saothair; á iarraidh ar na Ballstáit cigireachtaí saothair a neartú agus bearta a dhéanamh chun deireadh a chur le mí-úsáid saothair; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint cad iad na céimeanna is gá chun go n-aontóidh AE do Chairt Shóisialta na hEorpa agus creat ama a mholadh chun na críche sin;

48. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa dul chun cinn maidir le dálaí oibre forbhásacha i seirbhísí cúraim, a bhfuil iarmhairtí suntasacha acu do dhaoine scothaosta, a bhfuil na seirbhísí sin de dhíth orthu chun saol díniteach a chaitheamh agus chun fanacht comhtháite sa tsochaí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a neartú chun gach cineál idirdhealaithe i gcoinne daoine scothaosta a chomhrac agus chun a riachtanais agus a gcearta a ráthú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacú le tionscnaimh a bhaineann le haosú gníomhach;

49. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil infhaighteacht seirbhísí ar líne ar fud an Aontais ar cheann de na réamhchoinníollacha bunúsacha maidir le cuimsiú sochaíoch iomlán san

Eoraip; á thabhairt faoi deara nach bhfuil roinnt codanna de AE cumhdaithe go fóill ag seirbhísí ar líne d'ardcháilíocht, i gceantair thuaithe go minic, rud a d'fhéadfadh an bhearna neamhionannais i measc mhuintir na hEorpa a leathnú tuilleadh; ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát dlús a chur le claochlú digiteach AE, ar cheart dó díriú go cothrom ar dhea-bhail na nglúnta uile agus aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht ar líne;

50. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé sonraí comhionannais éigeantacha agus imdhealaithe a bhailiú go córasach agus táscairí a fhorbairt chun dul chun cinn straitéisí AE in aghaidh an chiníochais agus an idirdhealaithe a thomhas agus a thuairisciú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí ina leith sin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sonraí comhionannais a bhailiú atá imdhealaithe de réir tionscnamh ciníoch agus eitneach, chomh maith le saintréithe cosanta eile, chun ciníochas a dhoiciméadú agus beartais phoiblí a fhorbairt a chomhlíonann riachtanais na ndaoine a ndéantar difear dóibh ar bhealach fíor agus éifeachtach, agus an ceart bunúsach chun príobháideachais, cosaint sonraí pearsanta agus reachtaíocht ábhartha AE agus náisiúnta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna;

***Ciníochas struchtúrach***

51. ag aithint agus ag cáineadh an chiníochais struchtúraigh san Aontas mar gheall ar steiréitíopaí atá buanaithe ag dioscúrsaí lena ndéantar idirdhealú ar mhionlaigh eitneacha i ngach réimse dá saol; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di cineálacha aonair, struchtúracha agus institiúideacha ciníochais agus seineafóibe in AE agus an t-idirdhealú atá ag dul i méid in aghaidh na nArabach, na nEorpach Gorm, daoine de bhunadh na hÁise, daoine Giúdacha, Moslamacha agus Romacha; ag tathant ar na Ballstáit deireadh a chur le cleachtais, beartais agus dlíthe institiúideacha idirdhealaitheacha;

52. á chur i bhfios go láidir gur shlóg gluaiseacht Black Lives Matter sochaithe ar fud an domhain chun aghaidh a thabhairt ar chiníochas agus ar idirdhealú ag údaráis forfheidhmithe dlí; á mheabhrú di rún uaithi an 19 Meitheamh 2020 maidir le hagóidí frithchiníochais tar éis bhás George Floyd[19], inar athdhearbhaíodh Tábhacht an Phobail Ghoirm; á athdhearbhú go dtacaíonn sí leis na hagóidí forleathana i gcoinne an chiníochais agus an idirdhealaithe a rinneadh i bpríomhchathracha agus i gcathracha Eorpacha ar fud an domhain tar éis bhás George Floyd in 2020; ag tacú leis an iarraidh ó lucht agóide seasamh a ghlacadh i gcoinne cos ar bolg agus ciníochas struchtúrach san Eoraip; á chur in iúl gur geal léi ceapachán Chomhordaitheoir Frithchiníochais AE i mí na Bealtaine 2021, eagrú Chruinniú Mullaigh Frithchiníochais an Aontais, bunú buanfhóram le haghaidh comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta maidir leis an bhfrithchiníochas agus conclúidí ón gComhairle an 4 Márta 2022 maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi, ina theannta sin, aitheantas an Choimisiúin, den chéad uair, go bhfuil ciníochas struchtúrach ann ina phlean gníomhaíochta frithchiníochais AE do 2020-2025 agus gur leagadh amach bearta nithiúla chun dul i ngleic leis an gciníochas agus leis an idirdhealú eitneach in AE;

53. ag tathant ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit dul i ngleic le bunchúiseanna an

[19] IO C 362, 8.9.2021, lch. 63.

chiníochais struchtúraigh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais struchtúracha leanúnacha i bpríomhréimsí amhail an córas ceartais choiriúil, oideachas, tithíocht, fostaíocht, cúram sláinte, earraí agus seirbhísí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag an oideachas agus ag na meáin maidir le cur i gcoinne insintí ciníocha agus maidir le claontachtaí agus steiréitíopaí a mhiondealú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oiliúint frithchiníochais a chur chun cinn;

54. á iarraidh ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais a ghlacadh faoi dheireadh 2022 agus tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht chun dul i ngleic le heaspa rochtana ar cheartas agus le neamhionannais shocheacnamaíocha mharthanacha i réimsí amhail tithíocht, cúram sláinte, fostaíocht agus oideachas, ar gá iad a aithint mar bhacainní móra ar theachtadh iomlán na gceart bunúsach agus mar phríomhbhacainní ar an gcuimsiú agus ar an gcomhionannas; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar na pleananna gníomhaíochta náisiúnta sin agus ar phlean gníomhaíochta AE agus obair leantach chuí a áirithiú ina leith; á iarraidh ar an gCoimisiún thairis sin faireachán a dhéanamh ar an gciníochas agus ar an idirdhealú sna Ballstáit agus gníomhaíocht a dhéanamh ina gcoinne, lena n-áirítear trí nósanna imeachta um shárú a thionscnamh chun cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta a chur chun cinn;

55. á thabhairt chun suntais go bhfuil tuairimí ciníocha agus seineafóbacha ann atá ag dul i méid agus a chuir roinnt ceannairí tuairimíochta, polaiteoirí agus na meáin chun cinn, rud a chuidigh le timpeallacht naimhdeach a chruthú do dhaoine a thacaíonn leis an gciníochas agus d’eagraíochtaí a oibríonn in aghaidh an chiníochais; á iarraidh ar na Ballstáit Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil a thrasuí go hiomlán agus a chur i bhfeidhm; á mholadh do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go measfar ghluaisteacht chiníoch nó sheineafóbach a bheith ina imthoisc ghéaraitheach nó, mar mhalairt air sin, go bhféadfaidh na cúirteanna an rún sin a chur san áireamh agus na pionóis á gcinneadh;

56. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di gurb ann do ghluaiseachtaí na heite deise foircneacha agus go bhfuil siad á leathadh go leanúnach in AE, go háirithe grúpaí nuafhaisisteacha agus neo-Naitsíocha; á iarraidh ar na Ballstáit bearta práinneacha a dhéanamh chun toirmeasc éifeachtach a chur ar na grúpaí sin; á iarraidh, idir an dá linn, go ndéanfaí tuilleadh taighde ar na fondúireachtaí, ar an mbonn ballraíochta agus go háirithe ar an gcistiú taobh thiar de na grúpaí sin agus é mar aidhm leis sin cur isteach eachtrach a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint; á chur i bhfáth gur gá níos mó spáis a chaitheamh i gcuraclaim na staire ar fhoghlaim oibiachtúil agus fhíorasach faoi idé-eolaíochtaí ciníocha nó eitneacha éagsúla, amhail an sclábhaíocht, an coilíneachas nó an faisisteachas, agus a bhfoirmeacha agus a mbunús, lena n-áirítear mí-úsáid na heolaíochta ar mhaithe lena mbonn cirt, chomh maith lena n-iarmhairtí agus a n-iarsmaí a d’fhéadfadh a bheith ann sa lá atá inniu ann chun dul i ngleic le hathbheochan na n-idé-eolaíochtaí sin arís agus arís eile;

57. á mheabhrú gur gá aird ar leith a thabhairt ar an digiteáil agus ar na claontachtaí sóisialta a d’fhéadfadh a bheith ann agus a d’fhéadfaí a bheith tugtha isteach i dteicneolaíochtaí nua; á thabhairt chun suntais gur gá aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a

d’fhéadfadh a bheith ag IS, ní mar fhadhb theicneolaíoch ach mar cheann sóisialta, go háirithe i gcás daoine aonair ó ghrúpaí ciníochaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear IS, a chosc ó idirdhealú, neamhionannais atá ann cheana agus bochtaineacht a ghéarú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh córais IS bunaithe ar phrionsabail na trédhearcachta, na hinmhínitheachta, na cothroime agus na cuntasachta agus go ndéanfar iniúchtaí neamhspleácha chun cosc a chur ar na córais sin géarú ar an gciníochas; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dul i ngleic leis an mbearna inscne agus éagsúlachta in TFC agus san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (STEM), go háirithe i bhforbairt teicneolaíochtaí nua lena n-áirítear IS, agus i bpoist chinnteoireachta go háirithe;

58. ag tathant ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta[20] a chur chun feidhme go hiomlán chun ciníochas leanúnach i gcoinne daoine ar de bhunadh, d’eitneachas nó de dhath éagsúil iad a chomhrac; ag cáineadh go mbíonn ar mhionlaigh chiníocha, eitneacha, teanga agus reiligiúnacha aghaidh a thabhairt ar chiníochas struchtúrtha agus institiúideach domhainfhréamhaithe, ar idirdhealú, ar fhuathchoireacht agus ar fhuathchaint, ar easpa rochtana ar an gceartas, agus ar neamhionannais shocheacnamaíocha leanúnacha atá ina mbacainní móra ar a gcearta bunúsacha, a gcuimsiú sóisialta agus a gcomhionannas a theachtadh go hiomlán mar shaoránaigh AE i ngach réimse den saol, lena n-áirítear tithíocht, oideachas, cúram sláinte agus fostaíocht;

***Foréigean inscnebhunaithe, cearta na mban agus cearta daoine LADTIA+***

59. á cháineadh go láidir go bhfuil foréigean inscnebhunaithe ar cheann de na cineálacha foréigin is forleithne in AE, agus go bhfuil sé léirithe i suirbhéanna AE gur fhulaing bean amháin as gach triúr san Aontas — 62 mhilliún bean san iomlán — foréigean fisiciúil nó gnéasach tráth éigin ó bhí siad 15 bliana d’aois agus go bhfuil níos mó ná leath (55 %) tar éis gnéaschiapadh a fhulaingt; á chur i bhfios gur cineál idirdhealaithe agus sárú ar chearta bunúsacha é an foréigean inscnebhunaithe, chomh maith le steiréitíopaí inscne, struchtúir heitreaphatrarcacha, neamhshiméadrachtaí cumhachta agus neamhionannais struchtúracha agus institiúideacha. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cur chuige trasnach agus íospartach-lárnach a chur i bhfeidhm maidir leis na beartais agus na bearta uile chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean inscnebhunaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a chur chun cinn sa treo sin;

60. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé foréigean inscnebhunaithe de gach cineál a chomhrac agus comhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún an 8 Márta 2022 le haghaidh treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac[21], ina moltar bearta maidir le cineálacha áirithe foréigin a choiriúlú, lena n-áirítear éigniú a choiriúlú bunaithe ar easpa toilithe agus ar chineálacha áirithe cibearfhoréigin, chomh maith le bearta chun íospartaigh a chosaint agus rochtain ar cheartas, ar thacaíocht agus ar chosc

[20] Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).
[21] COM(2022)0105.

íospartach a fheabhsú, agus ina n-áirítear forálacha maidir le trasnú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gné thrasteorann den fhoréigean inscnebhunaithe agus á áitiú nach mór dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe ar an leibhéal Eorpach; á iarraidh ar an gCoimisiún foréigean inscnebhunaithe a chur le liosta na gcoireanna fíor-thromchúiseacha a chumhdaítear in Airteagal 83(1) CFAE;

61. ag tathant ar an gComhairle daingniú an Aontais ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a thabhairt i gcrích chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl); á chur in iúl gur oth léi nár dhaingnigh an Bhulgáir, an tSeicia, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin agus an tSlóvaic an coinbhinsiún go fóill agus á iarraidh an athuair ar na tíortha sin é sin a dhéanamh; á chur i bhfios gur cheart a thuiscint gurb é Coinbhinsiún Iostanbúl an t-íoschaighdeán chun foréigean inscnebhunaithe a dhíothú; ag cáineadh go fíorláidir go ndearna roinnt Ballstát, go háirithe an Pholainn, iarrachtaí na bearta a rinneadh cheana i dtaca le cur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl a chúlghairm agus i dtaca leis an bhforéigean a chomhrac agus le tarraingt amach filleadh ar an gcoinbhinsiún;

62. ag cáineadh gníomhaíochtaí gluaiseachtaí frithinscne agus frithfheimineacha a dhéanann ionsaí córasach ar chearta na mban agus ar chearta LADTIA; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú nach ndéanfaidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a fhaigheann tacaíocht agus cistiú ón Aontas, idirdhealú ar bhonn inscne a chur chun cinn; á chur in iúl gur geal léi an chéad straitéis comhionannais LADTIA riamh de chuid AE agus ag cáineadh tuilleadh cásanna méadaitheacha idirdhealaithe, fuathchoireachta agus foréigin i gcoinne daoine LADTIA; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar obair leantach chuí ar an straitéis;

63. ag cáineadh na frithfhreagartha leanúnaí gan deireadh i gcoinne chearta na mban i roinnt Ballstát, go háirithe an Pholainn, an tSlóvaic, an Chróit agus an Liotuáin, lena n-áirítear i gcoinne sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe; á mheabhrú gur cineál foréigin inscnebhunaithe é an comhéigean atáirgthe agus diúltú do chúram ginmhillte atá sábháilte agus dlíthiúil; á chur i bhfios go láidir gur rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine roinnt uaireanta go sáraíonn dlíthe sriantacha maidir le ginmhilleadh agus an easpa cur chun feidhme cearta daonna na mban agus na gcailíní agus a neamhspleáchas coirp; ag cáineadh na heaspa rochtana ar ghinmhilleadh do mhná in go leor tíortha, agus ag cáineadh básanna ceathrar ban ar a laghad sa Pholainn mar gheall ar chur i bhfeidhm rialachán lena gcuirtear cosc ar ghinmhilleadh i mbeagnach gach cás; ag tathant ar na Ballstáit bearta éifeachtacha a dhéanamh chun na sáruithe sin atá ann cheana ar chearta an duine agus ar chearta na mban a leigheas agus chun na sásraí is gá a chur i bhfeidhm chun a dtarlú amach anseo a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar an nginmhilleadh mar cheart bunúsach, deireadh a chur le haon bhacainní ar a rochtain agus a áirithiú go ndéanfar é i gcórais cúraim sláinte phoiblí agus béim níos mó a leagan ar shláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar chearta gnéis agus atáirgthe ina thuarascálacha bliantúla ar an smacht reachta;

64. ag cáineadh go láidir idirdhealú agus leithscaradh ban Romach i saoráidí cúraim sláinte máthartha; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an tSeicia dlí cúitimh d’íospartaigh steiriliú éigeantais agus neamhdhleathach, agus ag tabhairt dá haire gur ghlac Rialtas na Slóvaice céim chun cinn in 2021 trí leithscéal a eisiúint, ach nach bhfuil aon dlí cúitimh molta faoi láthair; á mheas gur cearta bunúsacha do mhná iad an ceart chun rochtain a

fháil ar chúram sláinte, go háirithe sláinte gnéis agus atáirgthe, ar cheart iad a threisiú agus nár cheart i gcás ar bith iad a laghdú ná a thabhairt chun siúil;

65. á iarraidh ar na Ballstáit uile neamhspleáchas coirp gach duine a urramú, go háirithe trí chosc a chur ar chiorrú ball giniúna idirghnéasach, trí chleachtais 'teiripe tiontaithe' mar a thugtar orthu, agus trí steiriliú éigeantach daoine trasinscneacha mar réamhchoinníoll chun aitheantas dlíthiúil inscne a dheonú dóibh; á athdhearbhú gur cheart dlíthe aitheantais inscne a ghlacadh i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus ar an gcaoi sin aitheantas inscne a dhéanamh inrochtana, inacmhainne, riarthach, tapa agus bunaithe ar fhéinchinntiúchán;

66. á chur i bhfáth gur gá aitheantas a thabhairt do na comhpháirtíochtaí uile chun críoch na saorghluaiseachta, lena n-áirítear do chomhpháirtithe neamh-AE de náisiúnaigh AE; á chur in iúl gur cúis mhór imní di neamhchomhlíonadh leanúnach bhreithiúnas CBAE i gCás C-673/16, *Coman agus Hamilton*, inar aithníodh go n-áirítear leis an téarma 'céile' céilí comhghnéis faoi dhlíthe AE maidir le saoirse gluaiseachta; ag tarraingt aird ar ghearán a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cás comhionann (A.B. agus K.V. v an Rómáin — iarratas Uimh. 17816/21; á chur i bhfáth gurb é an toradh a bhí ar easpa gníomhaíochta an Choimisiúin ná gearánaithe Coman agus Hamilton a thug an cás chuig an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine chun iarracht a dhéanamh sásamh dlíthiúil a fháil (*Coman agus eile v an Rómáin* — iarratas Uimh. 2663/21); á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún tús a chur le nósanna imeachta um shárú maidir le neamhchur chun feidhme chás Coman agus Hamilton;

67. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin togra le haghaidh rialachán a fhoilsiú in 2022 maidir le haitheantas frithpháirteach don tuismitheoireacht idir na Ballstáit, lena ndíreofar ar dheimhneacht dhlíthiúil a chruthú do theaghlaigh bogha ceatha ar fud an Aontais;

68. á thabhairt chun suntais gur tháinig méadú imníoch ar fhoréigean inscnebhunaithe agus ar fhoréigean baile le linn phaindéim COVID-19; ag moladh na bhfreagairtí gasta ó roinnt rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun bearta a chur i bhfeidhm chun cabhrú le híospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, amhail líon na línte cabhrach agus na comhroinnte faisnéise a mhéadú, agus scéimeanna códfhocail a thabhairt isteach ag cógaslanna, ionaid chomhairleoireachta aníos i siopaí grósaera nó iarratais cheilte chun tuairisciú foréigin baile agus mí-úsáid teaghlaigh a éascú; á thabhairt le fios, áfach, go bhfuil easpa ginearálta dídine nó roghanna cóiríochta sábháilte eile ann do mharthanóirí; ag tathant ar na Ballstáit, dá bhrí sin, cistiú leormhaith a leithdháileadh ar dhídean atá ann cheana chun cabhrú leo a n-acmhainneachtaí a mhéadú, chomh maith le bunú ionad dídine breise agus saoráidí tithíochta sábháilte breise a éascú do mharthanóirí, lena n-áirítear do mhionaoisigh tionlacain; á iarraidh ar na Ballstáit, thairis sin, a áirithiú go measfar go bhfuil seirbhísí do mharthanóirí bunriachtanach agus go bhfanfaidh siad oscailte, agus go ndéanfar iad a chomhlánú le hoiliúint leormhaith agus speisialaithe d'fhórsaí póilíneachta chomh maith le freagairtí spriocdhírithe ceartais chun ullmhacht a mhéadú don todhchaí;

69. á chur in iúl gur oth léi an fhrithfhreagairt mhéadaithe i gcoinne chearta na mban agus na gcailíní, agus go bhfuil roinnt Ballstát tar éis iarracht a dhéanamh sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a rolladh siar, agus paindéim COVID-19 á húsáid mar leithscéal

chun rochtain ar ghinmhilleadh, frithghiniúint agus seirbhísí ginéiceolaíocha a theorannú; á chur i bhfios go láidir go ndearnadh iarrachtaí i roinnt Ballstát, d'ainneoin na paindéime, srian a chur leis na cosaintí dlíthiúla atá ann cheana do rochtain na mban ar chúram ginmhillte, lena n-áirítear coinníollacha cúlchéimnitheacha a thabhairt isteach nach mór a chomhlíonadh sular féidir ginmhilleadh a riar, amhail comhairleoireacht éigeantach agus claonta nó tréimhsí feithimh; ag cáineadh go háirithe na 20 iarracht pharlaiminteach sa tSlóvaic chun rochtain ar ghinmhilleadh a theorannú le linn na tréimhse sin; ag cur béim láidir ar an bhfíoras nach mór seirbhísí a bhaineann le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a aithint mar sheirbhísí bunriachtanacha agus nach mór iad a bheith ar fáil, fiú le linn éigeandálaí sláinte domhanda, i bhfianaise chineál am-íogaire na seirbhísí sin;

70. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar gné inscne agus buiséadú inscne a ionchorprú sa fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, chomh maith le measúnuithe tionchair inscne *ex post*, mar a mholtar i straitéis comhionannais inscne an Choimisiúin do 2020-2025; ag tathant ar institiúidí AE príomhshruthú inscne a áirithiú ar fud bheartais agus ghníomhaíochtaí uile AE;

***Saoirsí***

71. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé seasamh le saoirse, le hiolrachas agus le neamhspleáchas na meán, trédhearcacht úinéireacht na meán a áirithiú agus comhchruinniú an mhargaidh a rialáil, chomh maith le cosaint iriseoirí a áirithiú; á chreidiúint go bhfuil géarghá le rialacha ceangailteacha AE lena gcuirtear cosaint láidir agus chomhsheasmhach ar fáil do na meáin neamhspleácha agus d'iriseoirí ar chásanna dlí cráiteacha atá ceaptha iad a chur ina dtost nó iad a imeaglú in AE chun cabhrú le deireadh a chur leis an gcleachtas mí-úsáideach sin; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí ina leith sin, lena n-áirítear bearta ceangailteacha a mholadh agus cistiú don iriseoireacht iniúchach a chosaint agus a chur chun cinn;

72. ag cáineadh go mbaintear úsáid as cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail (SLAPPanna), atá á n-imscaradh chun cosantóirí chearta an duine a chur ina dtost agus a imeaglú, lena n-áirítear cosantóirí chearta LADTI atá ríthábhachtach ó sháruithe ar chearta an duine; á thabhairt chun suntais nach bhfuil i gcásanna dlí SLAPP ach bagairt amháin ar na meáin shaora agus iolraíocha, agus gur ann do bhagairtí eile lena n-áirítear brúnna tráchtála agus dianriachtanais, brú polaitiúil, féinchinsireacht iriseoireachta ar shaincheisteanna a bhaineann le conspóid faoi leith, neamhshláine gairme agus ualaí troma oibre iriseoireachta, brú ar iriseoirí rochtain a choimeád ar fhoinsí uasaicmeacha trí thuairisciú neamhchriticiúil agus cur chun cinn gairme a bheith á cheilt ar iriseoirí a sháraíonn tuairimí inmheánacha agus a choinnítear faoi choim maidir leis an 'dearcadh' ceart i leith saincheisteanna lena mbaineann conspóid ar leith, go háirithe maidir le beartas eachtrach; á iarraidh ar na Ballstáit meáin neamhspleácha, iolraíocha agus shaora a chosaint agus a fhorbairt; ag cáineadh, ina leith sin, aon bhearta atá dírithe ar na meáin chriticiúla a chur ina dtost agus ar an mbonn a bhaint ó shaoirse agus ó iolrachas na meán; á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le gach SLAPP a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh ón gCoimisiún le déanaí chun moladh a eisiúint maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí san Aontas Eorpach a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún an Gníomh um Shaoirse na Meán a chomhlíonadh gan mhoill;

73. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na tuairiscí gur bhain údaráis roinnt Ballstát úsáid as earra spiaireachta Pegasus chun críoch polaitiúil nó chun críoch eile gan údar chun spiaireacht a dhéanamh ar iriseoirí, ar pholaiteoirí, ar dhlíodóirí, ar ghníomhaithe na sochaí sibhialta agus ar dhaoine aonair eile, de shárú ar dhlí AE agus ar na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di úsáid Pegasus i gcoinne iriseoirí, gníomhaithe ar son chearta an duine, pearsana freasúra agus dlíodóirí laistigh agus lasmuigh de AE; á mheabhrú nach bhfuil Pegasus ach ar cheann den iliomad samplaí de chláir a mbaineann eintitis stáit mí-úsáid astu chun ollfhaireachas aindleathach a dhéanamh ar shaoránaigh neamhurchóideacha; á chur in iúl gur geal léi bunú coiste fiosrúcháin de chuid Pharlaimint na hEorpa maidir le Pegasus, a dhéanfaidh imscrúdú ar mhí-úsáid líomhnaithe uirlisí faireachais agus ar raon feidhme na sáruithe líomhnaithe ar chearta agus ar shaoirsí a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha agus a sholáthróidh coimircí agus moltaí;

74. á thabhairt chun suntais go bhfuil feachtais chlúmhillte i gcoinne daoine LADTIA agus na sochaí sibhialta níos forleithne sna Ballstáit ina bhfuil saoirse na meán faoi ionsaí; ag géarcháineadh na bhfeachtas leanúnach clúmhillte sna meáin phoiblí i gcoinne breithiúna, iriseoirí agus polaiteoirí atá cáinteach ar an rialtas reatha, lena n-áirítear SLAPPanna, arna dtionscnamh ag gníomhaireachtaí rialtais, oifigigh rialtais, cuideachtaí faoi úinéireacht stáit nó daoine aonair a bhfuil dlúthcheangal acu le comhghuaillithe rialtais ar fud na hEorpa; ag tathant ar an gCoimisiún na huirlisí reachtacha agus feidhmiúcháin uile atá ar fáil dó a úsáid chun cosc a chur ar na gníomhaíochtaí imeaglacha sin, lena gcuirtear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar le heagraíochtaí iriseoirí, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar ionsaithe i gcoinne iriseoirí, chomh maith le cásanna dlí atá ceaptha meáin neamhspleácha a chur ina dtost nó imeaglú a dhéanamh orthu, agus rochtain ar na leigheasanna dlíthiúla iomchuí a ráthú;

75. á chur in iúl gur oth léi nach ndéantar sábháilteacht iriseoirí a ráthú go huilíoch; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá iolrachas na meán agus gur gá iriseoirí a chosaint ar bhagairtí agus ar ionsaithe chun féinchinsireacht a chosc, chun an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéise a áirithiú agus chun gairm na hiriseoireachta a choimirciú; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar na hionstraimí lena ndéantar measúnú ar na bearta arna nglacadh ag rialtais a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó shaoráil faisnéise agus iolrachas;

76. ag géarcháineadh na n-ionsaithe, na gcoinneálacha agus an fhoréigin i gcoinne iriseoirí le linn agóidí, ar cuireadh cosc orthu tuairisciú agus, dá bhrí sin, a bpost a dhéanamh; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di cásanna brúidiúlachta na bpóilíní le linn agóidí, go háirithe i gcoinne iriseoirí, agus á iarraidh go mbeadh cuntasacht ann i leith na ngníomhartha sin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sábháilteacht agus cosaint iriseoirí a áirithiú, go háirithe le linn agóidí;

77. á chur i bhfáth, faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, gur féidir srianta áirithe a chur go dleathach ar an gceart chun saoirse comhthionóil shíochánta chun an tsláinte phoiblí nó leasanna dlisteanacha eile a chosaint, ach nach mór foráil a dhéanamh dóibh leis an dlí agus iad a bheith riachtanach agus comhréireach le haidhm shonrach; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di roinnt bratchosc ar agóidí chomh maith le toirmisc agus

srianta áirithe ar agóidí a forchuireadh le linn phaindéim COVID-19, cé nár cuireadh isteach ar chruinnithe poiblí eile den mhéid céanna, chomh maith le húsáid fornirt i gcoinne agóideoirí síochánta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil tairseacha éagsúla ag na Ballstáit maidir le húsáid fornirt agus arm ag údaráis forfheidhmithe dlí chun an t-ord poiblí a choinneáil; á iarraidh ar na Ballstáit cearta bunúsacha a chosaint agus bearta agus dlíthe sriantacha á nglacadh acu maidir le saoirsí chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil agus saoirse comhlachais agus timpeallacht a éascú ina bhfuil cáineadh mar chuid de dhíospóireacht shláintiúil maidir le haon saincheist is ábhar imní don phobal;

78. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di ionsaithe, ciapadh, foréigean agus bagairtí i gcoinne iriseoirí, cosantóirí chearta an duine agus daoine aonair eile a nochtann feachtais cur isteach agus bréagaisnéise ón gcoigríoch; ag tathant ar na Ballstáit, i gcomhthéacs na bréagaisnéise, na bhfoláireamh bréige agus na bolscaireachta polaitiúla atá ag méadú go tapa, gníomhaíochtaí spriocdhírithe atá oiriúnach ó thaobh aoise de a áireamh ina gcuraclaim a bheidh dírithe ar smaointeoireacht chriticiúil, litearthacht sna meáin agus scileanna digiteacha a fhorbairt; á iarraidh go gcuirfí béim níos mó ar oideachas saoránachta agus béim á leagan ar chearta bunúsacha, ar an daonlathas agus ar rannpháirtíocht i ngnóthaí poiblí;

79. ag tabhairt dá haire go bhfuil laghdú tagtha ar sheasamh roinnt Ballstát i ranguithe idirnáisiúnta maidir le saoirse an phreasa; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag meáin na seirbhíse poiblí nach bhfuil a chomhshamhail le fáil, agus á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá sé a neamhspleáchas ar chur isteach polaitiúil a áirithiú agus a choimeád; ag géarcháineadh na mbagairtí ar shaoirse na meán, lena n-áirítear ciapadh agus ionsaithe atá dírithe ar iriseoirí agus ar sceithirí, an neamhaird ar a gcosaint dhlíthiúil chomh maith le greamú meán nó gníomhaíochtaí atá spreagtha go polaitiúil in earnáil na meán;

80. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an meath breise atá tagtha ar shaoirse na meán san Ungáir, sa Pholainn agus sa tSlóivéin agus na hathchóirithe éagsúla a chuir na comhghuaillíochtaí rialaithe i bhfeidhm chun an éagsúlacht a laghdú agus guthanna criticiúla laistigh de na meáin a chur ina dtost; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin an easpa tacar prionsabal trédhearcach agus soiléir maidir le dáileadh fógraíochta ar eagraíochtaí meán ag rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i roinnt Ballstát; á chur in iúl gur oth léi go mór an meath atá tagtha ar staid eacnamaíoch na meán le linn phaindéim COVID-19 agus á mheas gur cheart bearta sonracha a dhéanamh chun tionchar na paindéime ar eagraíochtaí meán a mhaolú;

81. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na comhlachtaí faoi rialú an rialtais atá á gcruthú lena ndéantar bainistiú ar chodanna móra de thírdhreach na meán agus ar fhuadach eagraíochtaí mheáin na seirbhíse poiblí chun freastal ar leasanna páirtiseánacha; á mheabhrú go bhfuil baol suntasach ann d’éagsúlacht na faisnéise agus na ndearcthaí a léirítear in inneachar na meán i gcás ina bhfuil úinéireacht na meán an-chomhchruinnithe, cibé acu faoi úinéireacht rialtais nó phríobháideach atá i gceist; á mheabhrú go bhfuil an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoráil faisnéise, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí ealaíonta a nochtadh agus saoirse na meán bunriachtanach don daonlathas agus don smacht reachta agus ag tathant ar na Ballstáit neamhspleáchas a n-údarás meán a ráthú; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag meáin

na seirbhíse poiblí nach bhfuil a chomhshamhail le fáil, agus á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá sé a neamhspleáchas ar chur isteach polaitiúil a áirithiú agus a choimeád;

82. á iarraidh ar an gCoimisiún cur chun feidhme cuí Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar neamhspleáchas rialtóirí na meán, ar thrédhearcacht úinéireacht na meán agus ar litearthacht sna meáin; á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid éifeachtach a bhaint as nósanna imeachta um shárú i gcásanna ina gcuireann na Ballstáit na forálacha sin chun feidhme go mícheart nó go neamhiomlán;

83. ag tabhairt dá haire go raibh tionchar tromchúiseach ag roinnt bearta a rinne na Ballstáit mar fhreagairt do COVID-19 ar an gceart chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí, nach ndeachthas i gcomhairle go hiomlán leis na húdaráis cosanta sonraí, nach raibh riachtanas ná comhréireacht soiléir i gcónaí, agus go raibh bunús láidir dlí in easnamh i roinnt mhaith cásanna agus nach ndearnadh aon mheastóireacht chuí; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí meastóireacht a dhéanamh gan mhoill ar an staid;

84. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di forfheidhmiú lag agus míchothrom an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí[22], a bhfuil an baol ann nach mbeidh sa rialachán ach callán agus nach gcuirfear cosaint iarbhír ar fáil do shaoránaigh AE dá bharr; á chur in iúl gur saoth léi gur thug an Coimisiún neamhaird d'iarraidh na Parlaiminte imeachtaí um shárú a thionscnamh in aghaidh na hÉireann toisc nach ndearna sé an rialachán a fhorfheidhmiú go cuí;

85. á chur in iúl gur cúis bhuartha di treoirlínte inmheánacha an Choimisiúin maidir le bainistiú taifead agus cartlanna, atá bunaithe ar léirmhíniú earráideach ar Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain ar dhoiciméid[23], agus maidir le teachtaireachtaí téacs a eisiamh ó raon feidhme na rialacha maidir le rochtain ar dhoiciméid, ar thug an tOmbudsman Eorpach 'drochriarachán' air; á chur in iúl gur oth léi gur chuir roinnt Ballstát bac ar fheidhmiú éifeachtach cheart rochtana na saoránach ar dhoiciméid trí mhoill gan ghá a chur ar na sprioc-amanna le haghaidh iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid nó trí dheireadh a chur leo fiú; ag cur béim ar an bhfíoras, ní hamháin go bhfuil easpa muiníne as údaráis i measc shaoránaigh AE mar thoradh air sin, gur bhain sé an bonn ó iolrachas na meán in AE freisin;

***An staid agus sáruithe ar chearta bunúsacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais***

86. á chur i bhfáth gur oibleagáid dhlíthiúil faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi dhlí AE é beatha daoine a shábháil; ag géarcháineadh na n-imeachtaí coiriúla a thionscain roinnt Ballstát i gcoinne eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus daoine aonair de bharr cúnamh daonnúil a sholáthar d'imircigh; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú nach saothrófar ionchúiseamh i gcoinne daoine aonair agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a thugann cúnamh

---

[22] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

[23] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

d’imircigh ar chúiseanna daonnúla;

87. ag géarcháineadh gur ghlac roinnt Ballstát dlíthe, beartais agus cleachtais a bhaineann an bonn ó chosaint éifeachtach ar chearta an duine atá ag dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh, ar talamh agus ar muir; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cearta daonna na n-imirceach, na n-iarrthóirí tearmainn agus na ndídeanaithe, chomh maith le prionsabal na comhroinnte freagrachta, a chur i gcroílár a mbeartas imirce agus tearmainn;

88. ag géarcháineadh cásanna frithbheartaíochta agus sáruithe ar chearta bunúsacha agus ar fhoréigean ag teorainneacha seachtracha AE i leith imirceach, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, arna gcáineadh ag institiúidí amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce[24], chomh maith le coiriúlú oibrithe daonnúla agus gníomhaithe daonnúla agus úsáid chistiú AE, a d’fheidhmigh go díréireach chun saoráidí dúnta a thógáil agus teorainneacha seachtracha a neartú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit córas faireacháin lánfheidhme ar chearta bunúsacha a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le brú siar agus sáruithe ar chearta bunúsacha agus chun trédhearcacht na mbeart arna ndéanamh ag na teorainneacha seachtracha a mhéadú, mar a d’iarr Gníomhaireacht AE um Chearta Bunúsacha[25]; á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur le nósanna imeachta um shárú i gcás ina bhfuil tásca ann maidir le frithbheartaíocht agus foréigean;

89. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an fhaisnéis a foilsíodh faoin nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) lena n-aithnítear a rannpháirtíocht i mbrúnna siar agus go raibh sí ar eolas fúthu; á iarraidh ar Frontex Airteagal 46 dá rialachán a chur i bhfeidhm[26] agus gach oibríocht sna Ballstáit ina dtarlaíonn na cásanna sin a chur ar fionraí agus trédhearcacht agus cuntasacht iomlán a sholáthar do ghníomhaíochtaí oibríochtúla na heagraíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh agus na bearta is gá a dhéanamh chun deireadh a chur leis na cleachtais sin ag Frontex;

90. á iarraidh ar na Ballstáit na nósanna imeachta cearta a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go dtabharfar éisteacht do dhaoine aonair sula gcuirfear ar ais chuig Ballstát comharsanachta iad, agus fógra foirmiúil a thabhairt dóibh faoin gcinneadh a rinneadh; ag fíorcháineadh an fhíorais nach n-éistfear go córasach le himircigh agus iarrthóirí tearmainn a ghabhtar tar éis dóibh teorainn inmheánach nó sheachtrach an Aontais a thrasnú sula gcuirtear ar ais chuig Ballstát comharsanachta iad, ná nach dtugtar fógra dóibh go córasach ina leith; á mheabhrú go bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit an ceart chun triail chóir a fháil agus an ceart chun comhionannais os comhair an dlí a ráthú go héifeachtach do gach duine;

91. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di mionaoisigh neamhthionlactha a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha AE, go háirithe a theorainneacha thoir agus theas, agus á

[24] An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, ‘IOM calls for end to pushbacks and violence against migrants at EU external borders’ [Iarrann EII go gcuirfí deireadh le brú siar agus foréigean in aghaidh imirceach ag teorainneacha seachtracha an Aontais], 9 Feabhra 2021.
[25] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *Tuarascáil 2021 maidir le Cearta Bunúsacha*, Aibreán 2021.
[26] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

iarraidh ar na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar staid mionaoiseach neamhthionlactha ag na pointí trasnaithe sin;

92. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil méadú ag teacht ar úsáid na teicneolaíochta ag teorainneacha, ar féidir le cuid acu a bheith an-ionsáiteach; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sásraí faireacháin neamhspleácha a chur ar bun ag teorainneacha, ar cheart dóibh faireachán ar ghníomhaíochtaí faireachais teorann a chumhdach freisin, agus comhlíonadh na gceart bunúsach a áirithiú;

*Fuathchoireacht agus fuathchaint*

93. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá tagtha ar fheachtais fuathchainte agus chlúmhillte ar fud na mBallstát, ar feachtais iad a bhíonn á ndéanamh go minic ag ardoifigigh phoiblí nó ag príomhpholaiteoirí agus a dhíríonn go sonrach ar na meáin, ar ENRanna agus ar ghrúpaí sóisialta áirithe nó ar mhionlaigh, amhail daoine LADTIA; á chur i bhfáth nach féidir a dtionchar ar an spás sibhialta a shéanadh, rud a chruthaíonn timpeallacht neamhshábháilte don tsochaí shibhialta agus do chosantóirí chearta an duine; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an iliomad samplaí d’ionsaithe ar oifigí LADTIA agus ar bhaill foirne i roinnt Ballstát in 2021 amháin;

94. ag fíorcháineadh gach cineál fuathchoireachta, fuathchainte agus líomhaintí nach bhfuil bunús leo nó atá foirmlithe de mheon mímhacánta, as líne agus ar líne araon, arna spreagadh ag idirdhealú bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na fuathchoireachtaí agus na coireanna a bhaineann le gríosadh chun idirdhealaithe nó foréigin a tharla le linn phaindéim COVID-19, as a leanann stiogmatú a bheith á dhéanamh ar dhaoine atá go háirithe leochaileach; á mheabhrú gur coireanna iad an ciníochas agus an tseineafóibe, agus nach tuairimí iad;

95. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle chun liosta na gcoireanna AE a leathnú go dtí an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht agus á iarraidh ar an gComhairle oibriú go dícheallach chun é a ghlacadh d’aon toil; á mheabhrú gur gá don Choimisiún agus do na Ballstáit oibriú i gcomhar le cuideachtaí idirlín chun coimircí leordhóthanacha a sholáthar agus chun an Cód Iompair maidir le Fuathchaint Neamhdhleathach ar Líne a Chomhrac a chur chun feidhme go críochnúil;

*Cosaint an chomhshaoil*

96. á thabhairt chun suntais, Airteagal 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha lena ndearbhaítear nach foláir go gcomhtháthaítear bearta ionsar ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a bhaint amach i mbeartais an Aontais;

97. á iarraidh ar an gCoimisiún na tionscnaimh reachtacha ábhartha a ghlacadh gan mhoill agus tuilleadh reachtaíocht atá beartaithe a ghlacadh i gcomhréir leis an amlíne bhunaidh; ag leagan béim ar an ngá práinneach atá ann na hábhair imní ábhartha maidir leis an gcomhshaol a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta maidir leis na beartais agus na tionscnaimh uile; á chreidiúint nach mór don inbhuanaitheacht a bheith

mar threoirphrionsabal do na beartais mhaicreacnamaíoch uile chun aistriú cóir chuig geilleagar atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú, agus fostaíocht inbhuanaithe á cosaint agus á cruthú ag an am céanna, chun déileáil le ceann de na bagairtí is suntasaí a bhí ag an gcine daonna riamh;

98. á iarraidh go ndéanfaí Conradh Aarhus, lena nasctar cearta comhshaoil agus cearta an duine, a chur chun feidhme ar fud an Aontais; á thabhairt chun suntais go bhféadfaidh iarmhairtí tromchúiseacha díobhálacha a bheith ann do dhaoine aonair de dheasca dochar a bheith á dhéanamh don chomhshaol agus mainneachtain roinnt údarás poiblí faisnéis a sholáthar faoi rioscaí tromchúiseacha comhshaoil a bhfuil daoine aonair nochta dóibh; á iarraidh go ndéanfaí iriseoirí, gníomhaithe, ENRanna, cosantóirí ceart, sceithirí agus forais faire phoiblí atá ag obair sna réimsí sin a chosaint;

°

° °

99. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

## SEASAMH MIONLAIGH

**Údar:** Nicolaus Fest (ID).

‘Sa leagan deiridh den tuarascáil, déantar léiriú ar staid na gCeart Bunúsach san Aontas Eorpach, rud nach léiríonn fírinne an scéil.

De réir na tuarascála seo, tá géarchéim phaiteolaíoch san Aontas Eorpach. Déantar cur síos air mar áit atá contúirteach do dhaoine LADT, ciníoch i leith na Romach, agus dofháiltiúil roimh imircigh.

Tá an fhírinne difriúil: In ainneoin eachtra nó dhó a tharla, ar féidir a mheas mar eachtraí fiseolaíocha i gcóras casta agus éagsúil ar nós an Aontais, tá staid fhoriomlán na gceart bunúsach sláintiúil go leor.

Is leor na córais srianta agus ceartúchán atá ag na Ballstáit chun urraim do chearta bunúsacha a ráthú agus foráiltear dá gcosaint i reachtaíocht gach Ballstáit.

Mar gheall ar an mantra idé-eolaíoch go bhfuil an tAontas i staid éigeandála agus ar an bhfíoras go bhfuil sainmhínithe nua á dtabhairt amach go leanúnach ar chatagóirí a bhfuil cosaint speisialta de dhíth orthu ón reachtóir, tá ualach reachtach ann nach bhfuil gá leis agus cur isteach díréireach ar inniúlachtaí náisiúnta an Aontais, rud a chuirimid ina choinne.

Níor measadh gurbh fhiú machnamh a dhéanamh ar shamplaí ábhartha na Gearmáine de sháruithe ar Chearta Bunúsacha i leagan bunaidh an Uasail Fest agus scriosadh iad, rud a léiríonn gur cur chuige idé-eolaíoch amháin é an cur chuige a ghlac an tromlach i leith na gCeart Bunúsacha agus nach bhfuil sé bunaithe ar fhíorais.

21.4.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM ACHAINÍOCHA

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach – tuarascáil bhliantúil do na blianta 2020-2021
(2021/2186(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Mario Furore

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Achainíocha ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag cur a himní in iúl faoi líon na n-achainíocha ina leagtar amach cásanna idirdhealaithe agus go háirithe idirdhealú i gcoinne daoine atá faoi mhíchumas, sáruithe ar a gcearta oibrithe agus a gcearta sóisialta, an ceart chun áit oibre inrochtana agus an ceart chun maireachtáil go neamhspleách; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, go bhfuil an t-idirdhealú fós ar cheann de na bagairtí is tromchúisí agus is doghlactha ar chearta bunúsacha agus nach bhfuil aon áit aige in aon ghné den saol; á mheabhrú go bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe ar an éagsúlacht, am t-iolrachas, an chaoinfhulaingt agus an neamh-idirdhealú; á chur i bhfáth go mbaineann an t-idirdhealú an bonn ó dhínit an duine, ó dheiseanna saoil, ón rathúnas, ón bhfolláine, agus ón tsábháilteacht go minic; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil bac sa Chomhairle i gcónaí ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis (COM(2008)0426) (an 'Treoir chothrománach maidir leis an bhFrith-Idirdhealú'), agus á iarraidh ar an gCoimisiún an staid seo a réiteach trí reachtaíocht nua in aghaidh an idirdhealaithe a mholadh, gan na caighdeáin a ísliú, más rud é nach formheasann an Chomhairle an téacs mar a bhí dréachtaithe in 2008; á iarraidh ar na Ballstáit dul i ngleic go héifeachtach le gach cás líomhnaithe idirdhealaithe agus déileáil leo trína gcóras dlí a fheabhsú agus trí bhearta níos stóinsithe a ghlacadh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta chun na leibhéil chosanta is airde a áirithiú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hiarrachtaí spriocdhírithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun dul i ngleic le sáruithe ar chearta daoine atá faoi mhíchumas;

2. á chur in iúl gur geal léi, tar éis do mholtaí a bheith tugtha ag Parlaimint hEorpa, gur ghlac an Coimisiún straitéis uaillmhianach maidir le cearta daoine faoi mhíchumas don tréimhse 2021-2030; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé na bearta atá molta a chur chun feidhme agus bearta náisiúnta a fhorbairt tuilleadh chun a áirithiú nach bhfuil daoine atá faoi mhíchumas faoi bhuntáiste agus nach ndéantar idirdhealú orthu ó thaobh

fostaíochta, oideachais agus cuimsiú sóisialta de; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach gníomhaíochtaí a fheabhsú a bhfuil sé d'aidhm acu fáil réidh le haon bhac a chuireann cosc ar dhaoine faoi mhíchumas rannpháirtíocht iomlán agus chothrom a bheith acu sa tsochaí chun go gcaomhnaítear go hiomlán a gcuid cearta bunúsacha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanann na bearta go léir chun Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an Aontais Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a chomhlíonadh go hiomlán;

3. á iarraidh ar na Ballstáit forfheidhmiú éifeachtach agus praiticiúil Threoir 2000/43/CE ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar bhunús ciníoch nó eitneach (an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch) a áirithiú agus forfheidhmiú éifeachtach Chinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil (an Cinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe) a áirithiú chun afrafóibe, frithghiofógachas, frithsheimíteachas agus ioslamafóibe leanúnach a chomhrac; á chur i bhfios gur cheart do na Ballstáit straitéisí náisiúnta maidir le cuimsiú chun tosaigh nó a athbhreithniú chun a áirithiú go gcumasaítear gach duine, gan beann ar chine, eitneacht, reiligiún, inscne nó aon stádas eile, rannpháirtíocht ghníomhach a bheith acu sa saol sóisialta, eacnamaíoch, polaitiúil agus cultúrtha; á cháineadh go láidir nach ndearna roinnt Ballstát an Cinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a thrasuí go hiomlán agus i gceart sa dlí náisiúnta; á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil forálacha na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch curtha chun feidhme i gceart i ngach Ballstát fós;

4. á chur in iúl gurb oth léi go ndéantar cur chun feidhme neamhleor fós ar chearta bunúsacha na mban san Eoraip; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú atá tagtha ar threochtaí frithghníomhacha atá dírithe ar mhná; ag athdhearbhú a dianseasaimh maidir leis an gcomhionannas inscne a chinntiú agus cearta na mban, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, a chosaint; ag cur a himní in iúl faoi líon na n-achainíocha ina leagtar amach cásanna idirdhealaithe, agus go háirithe faoi bhearta a dhéanann difear do chearta na mban, amhail cearta ginmhillte agus foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní; á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh go práinneach chun cearta na mban a chosaint agus go háirithe chun Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) a chur chun feidhme ar an leibhéal Eorpach trí bhíthin reachtaíocht iomchuí; á iarraidh ar na Ballstáit nach bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe acu fós, é sin a dhéanamh gan a thuilleadh moille; á chur in iúl gur saoth léi gur tháinig méadú imníoch le linn na paindéime ar líon na gcásanna d'fhoréigean i gcoinne na mban agus na gcailíní, agus ar chineálacha eile foréigean inscnebhunaithe; á chur in iúl gur ábhar mór imní di na gníomhartha dlíthiúla a glacadh i roinnt Ballstát a dhéanann cearta na mban agus comhionannas inscne a lagú; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus á iarraidh go bhfeabhsófar í chun gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chuimsiú go leormhaith; á iarraidh ar an gCoimisiún an athuair foréigean inscnebhunaithe a chur leis na liosta coireanna de chuid an Aontais;

5. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá leas an linbh, lena n-áirítear i ndlíthíocht

trasteorann teaghlaigh; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh dlúthchomhar agus cumarsáid éifeachtúil ann idir na húdaráis náisiúnta agus áitiúla éagsúla a bhfuil baint acu le himeachtaí coimeádta leanaí; á iarraidh ar na Ballstáit córais faireacháin agus meastóireachta neamh-idirdhealaitheacha a ghlacadh do chásanna a bhaineann le leanaí, ionas go n-áiritheofar lánurraim do chearta bunúsacha an linbh, go háirithe prionsabal leas an linbh; á iarraidh ar na Ballstáit urraim a thabhairt do cheart leanaí a dtuismitheoirí a fheiceáil in ainneoin na mbeart sriantach arna nglacadh ag Ballstáit in imthosca eisceachtúla, amhail an phaindéim, fad is nach gcuirfear sábháilteacht agus sláinte na leanaí i mbaol leis sin;

6. á chur i bhfios gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit comhrac éifeachtach a dhéanamh ar chóireáil idirdhealaitheach nó fhoréigneach agus ar idirghníomhaíochtaí i gcoinne scolaíocht agus rannpháirtíocht leanaí ó chúlraí imirceacha, go háirithe leanaí imirceacha, dídeanaithe agus Romacha, agus go ndéanfar é sin trí fhorfheidhmiú an dlí agus trí chomhthuiscint agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn; á iarraidh ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt, ó thaobh struchtúir de, ar urraim d'éagsúlacht, do thuiscint idirchultúrtha agus do chearta an duine, lena n-áirítear cearta an linbh, i gcuraclaim gnáthscoile;

7. á mheas go mbíonn ar dhaoine LADTIA cuid de na dúshláin is mó ó thaobh cearta bunúsacha de a shárú, agus, go háirithe, an ceart chun neamh-idirdhealaithe; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di torthaí an tsuirbhé ó Ghníomhaireacht AE um Chearta Bunúsacha faoin taithí atá ag daoine LADTIA i leith chearta an duine agus cearta bunúsacha, ar torthaí iad a léiríonn gur beag an dul chun cinn, más ann, le blianta beaga anuas; á chur in iúl gurb oth léi na heagsúlachtaí suntasacha idir na Ballstáit i dtaobh na saincheisteanna sin; á chur i bhfáth go bhfuil ceart duine féinchinntiúchán dá ghnéas, dá ghnéaschlaonadh nó dá fhéiniúlacht inscne dosháraithe; á chur in iúl gurb oth léi nach ndéanann dlí an Aontais daoine LADTIA a chosaint ar idirdhealú ar fhorais ghnéaschlaonta ach amháin i réimse na fostaíochta; á thabhairt chun suntais, in ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas maidir le glacadh LADTIA sa tsochaí, go bhfuil cás dhaoine LADTIA san Aontas ríthábhachtach i gcónaí, mar go bhfuil siad fós mar spriocanna an idirdhealaithe i ngach réimse saoil, lena n-áirítear ionsaithe fisiciúla agus béil, nach ndéantar tráth orthu go minic ar eagla na n-iarmhairtí diúltacha; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an fhrithfhreagairt ó thaobh cearta agus dearcthaí i leith daoine LADTIA agus an méadú géar atá tagtha ar an bhfuathchaint, atá ag bun go minic ag daoine mór le rá sa phobal; ag cáineadh go láidir reitric frith-LADTIA agus an dearbhú de 'chriosanna saor ó LADTIA' nó 'criosanna saor ó idé-eolaíocht LADTIA';

8. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur léirigh Léarscáil Bhotha Báistí na hEorpa 2021, an uirlis tagarmharcála bhliantúil a dhréachtaigh ILGA-Eoraip (Cumann Idirnáisiúnta na Leispiach, na nDaoine Aeracha, na nDéghnéasach, na dTrasinscneach agus na nIdirghnéasach sa réigiún Eorpach), go bhfuil marbhántacht beagnach iomlán ann maidir le cearta an duine atá ag daoine LGBTIQ, go háirithe maidir le haitheantas a thabhairt do dhaoine LGBTIQ i reachtaíocht teaghlaigh san Eoraip; á chur in iúl gur saoth léi an t-idirdhealú a dhéantar ar theaghlaigh bogha báistí agus ar a leanaí atá fós ag fulaingt in AE, lena n-áirítear go bhfuil a gcearta daonna fós á gceilt orthu ar fhorais a ngéaschlaonta nó a bhféiniúlacht inscne, saintréithe gnéis a dtuismitheoirí nó a bpáirtnéirí, agus an ceart bunúsach chun saorghluaiseachta laistigh de AE á fheidhmiú

acu; á chur in iúl gur geal léi breithiúnas cinniúnach Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) i gCás Coman ó Mheitheamh 2018, ina rinneadh soiléiriú ar an téarma 'céile' laistigh de bhrí fhorálacha dhlí an Aontais ar an saoirse chun cónaithe atá ag saoránaigh AE agus baill dá dteaghlach, go n-áirítear céilí comhghnéis leis; ag tathant ar na Ballstáit nach n-aithníonn aontas ná póstaí comhghnéis leasú a dhéanamh ar a ndlíthe náisiúnta ionas go soláthrófaí creat dlíthiúil chun a áirithiú go gcuirfear breithiúnas CBAE chun feidhme go cuí; ag tathant ar an gCoimisiún reachtaíocht nua AE a mholadh gan mhoill maidir le haitheantas frithpháirteach do thuismíocht;

9. á chreidiúint go láidir nach mór don Choimisiún feabhas a chur ar a chur chuige foriomlán maidir le cearta bunúsacha dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imirceach a chosaint; ag leagan béim ar an bhfíoras go bhfuil siad ar cheann de na grúpaí is leochailí sa tsochaí agus nach mór freastal ar na bunriachtanais atá acu; á chur in iúl gurb oth léi go láidir go bhfuil brú siar trí mheán ar bith tagtha chun bheith ina norm anois i roinnt Ballstát; á athdhearbhú go bhfuil géarghá le beartas tearmainn atá cothrom, éifeachtach agus daonnúil a fhorbairt san Aontas agus ag tathant ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí chuige sin;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ráthaítear córas cuibhiúil glactha agus cóiríochta do dhídeanaithe, d'imircigh agus d'iarrthóirí tearmainn, agus prionsabal na hurraime do dhínit an duine á urramú ar an gcaoi sin, mar aon le lán-urraim dá gcearta bunúsacha; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún comhoibriú chun cosaint leordhóthanach ar chearta bunúsacha iarrthóirí tearmainn a ráthú;

11. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an tacar beart sealadach a ghlac an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar an staid éigeandála ag teorainn sheachtrach an Aontais leis na mBealarúis, a thugann tacaíocht go hindíreach le cleachtas reatha an brú siar ag teorainneacha an Aontais, rud a fhágann iarrthóirí tearmainn gan rochtain ar chosaint;

12. ag tabhairt dá haire agus is cúis imní di gur méadaíodh an bhearna idir na pobail Romacha agus an daonra i gcoitinne, lena n-áirítear san oideachas, leis an éagothroime leanúnach agus leis an easpa beartais rathúla chun bonneagar bunúsach agus seirbhísí bunúsacha a sholáthar, agus gur tháinig meath ar dhálaí do na Romaigh i réimsí ríthábhachtacha amhail fostaíocht, cúram sláinte agus tithíocht; ag cur in iúl gurb oth léi gur beag an dul chun cinn a rinneadh sa chéad Chreat AE i ndáil le Straitéisí Náisiúnta maidir le Lánpháirtiú na Romach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun comhionannas iomlán, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a áirithiú ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

13. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn maidir le cearta bunúsacha na ndídeanaithe a chosaint, go háirithe i bhfianaise na ngluaiseachtaí imirce atá ag teacht chun cinn; ag tathant ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, tuilleadh cur chuige a fhorbairt lena ráthófar urraim do chearta bunúsacha;

14. ag áitiú ar an gCoimisiún, i bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar líon na gcásanna idirdhealaithe ar fhorais éagsúla, go háirithe maidir le gnéas, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne an duine, a áirithiú go seasfar le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus go gcloífear léi, agus úsáid á baint as na hionstraimí dlí uile atá ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht um Chearta

Bunúsacha oibriú le chéile chun feasacht a ardú faoin bhfadhb, chun comhionannas a áirithiú do shaoránaigh uile AE;

15. á mheas gur cheart aird ar leith a thabhairt ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe atá fréamhaithe in Airteagal 21 den Chairt agus á chur i bhfáth nach mór an fhoráil sin a urramú go cuí; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, sásra dian a fhorbairt tuilleadh chun measúnú rialta a dhéanamh ar staid na gceart bunúsach, agus, go háirithe, ar an gceart chun neamh-idirdhealaithe, toisc go bhfuil sé ar cheann de na cearta is minice a sháraítear;

16. á iarraidh go gcuirfí reachtaíocht chun feidhme go hiomlán agus go gcuirfí smachtbhannaí níos láidre i gcoinne aon idirdhealaithe atá bunaithe ar chine, tionscnamh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, ballraíocht i mionlach náisiúnta, míchumas, aois, inscne, léiriú inscne, féiniúlacht inscne, gnéaschlaonadh, saintréithe gnéis, stádas cónaithe nó sláinte;

17. ag cur béim ar an bhfíoras gur léirigh paindéim COVID-19 bearnaí móra in acmhainneacht agus ullmhacht chórais cúraim sláinte, oideachais, fostaíochta agus cosanta sóisialta na mBallstát; á chreidiúint go láidir nach mór do na Ballstáit a gcórais cúraim sláinte, a gcórais leasa shóisialta agus a gcórais cúnaimh shóisialta a fheabhsú go mór chun a áirithiú go gcuirfidh siad tacaíocht iomlán ar fáil do chách, go háirithe dóibh siúd atá níos leochailí, fiú le linn géarchéime, agus ar an gcaoi sin cearta sláinte, eacnamaíocha agus sóisialta gach duine a chosaint go leordhóthanach; ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht ar líon na n-achainíocha a bhaineann le sláinte atá nasctha, *inter alia*, le leathadh phaindéim COVID-19 le dhá bhliain anuas, a bhfuil tionchar aige ar rochtain ar chúram sláinte go háirithe d’othair a bhfuil galair ainsealacha orthu; á chur i bhfios go láidir leibhéal ard na gcomhghalrachtaí COVID-19 i measc na n-othar ainsealach; á mheabhrú staid chriticiúil na n-othar a bhfuil galair neamhchoitianta orthu in a lán Ballstát, lena n-áirítear othair a bhfuil einceifealaimiailíteas miailgeach/siondróm tuirse ainsealaí (ME/CFS) orthu, nach bhfaigheann diagnóisiú, cóireáil chuí agus cúram leighis;

18. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil na bearta a bhaineann le paindéim COVID-19 a ghlac roinnt mhaith de na Ballstáit tar éis cur isteach ar na cearta agus ar na saoirsí a ráthaítear le dlíchóras an Aontais, amhail saorghluaiseacht daoine, lena n-áirítear taisteal, oibriú agus stáidéar a dhéanamh laistigh den Aontas agus laistigh de thíortha, go háirithe i dtréimhsí luatha phaindéim COVID-19 do na millte oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe séasúracha agus trasteorann ar fud ar Aontais, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, agus an ceart chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí, go háirithe maidir le sláinte phoiblí agus bearta a dhéantar chun é a chosaint; á chur i bhfáth nach mór na bearta a dhéantar chun an paindéim a shrianadh a bheith ar chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus a bheith riachtanach, bunaithe ar an dlí, ar bhonn sealadach agus comhréireach, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar go hiomlán rialacha agus prionsabail na Cairte;

19. ag tabhairt dá haire leis na srianta a forchuireadh chun dul i ngleic leis an bpaindéim gur chuir siad bac freisin ar obair na sochaí sibhialta; á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun cabhrú le híospartaigh na sáruithe ar chearta bunúsacha, chomh maith le feasacht a mhúscailt agus a chosc; á iarraidh ar an

gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacaíocht a thabhairt don tsochaí shibhialta agus bearta a ghlacadh lena n-éascófar a gcuid oibre;

20. á chur i bhfáth nach féidir, le héigeandáil a bheith ina leithscéal chun prionsabail dhaonlathacha an phróisis reachtaigh a sheachaint; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh aon bheart eisceachtúil a ghlactar le linn éigeandálaí trédhearcach agus go mbeidh baint aige leis na daoine lena mbaineann, agus a áirithiú go mbeidh gach beart éigeandála riachtanach, go mbeidh siad comhréireach go docht agus nach mbeidh siad i bhfeidhm ach ar feadh an ama is gá; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de mheasúnú agus faireachán a dhéanamh ar na bearta éigeandála a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an bpaindéim i bhfianaise luachanna bunaidh an Aontais mar a leagtar síos iad in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear cearta bunúsacha, an smacht reachta agus an daonlathas; á mheas nach mór don Choimisiún tuairisciú go hiomlán agus go trédhearcach don phobal maidir le torthaí na measúnuithe uile a rinne sé ar na bearta éigeandála a ghlac na Ballstáit le linn na paindéime;

21. ag tabhairt dá haire gur oth léi líon ard na n-achainíocha maidir le bearta éigeandála coraintín a ghlac roinnt Ballstát mar thoradh ar an bpaindéim agus a d'fhéadfadh cearta agus saoirsí saoránach a shrianadh, amhail an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse comhthionóil agus comhlachais, agus an tsaoirse gluaiseachta agus cónaithe; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dul i ngleic go héifeachtach leis an idirdhealú a bhaineann le COVID-19, leis an bhfuathchaint agus leis an gciníochas i gcoinne grúpaí mionlaigh eitneacha, in aghaidh imirceach agus dídeanaithe nó in aghaidh daoine a mbaineann cúlra imirceach leo;

22. á athdhearbhú go bhfuil an ceart ag gach duine chun oideachais, mar atá cumhdaithe in Airteagal 14 den Chairt, agus ag cur i bhfios go láidir nach mór an ceart sin a ráthú faoi gach uile chúinse agus do gach leanbh, lena n-áirítear iad siúd ó ghrúpaí leochaileacha agus faoi mhíbhuntáiste; á chur in iúl gur cúis imní di an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag dúnadh na scoileanna le linn phaindéim COVID-19 ar mheabhairshláinte agus ar thodhchaí leanaí; á iarraidh ar na Ballstáit oideachas comhionann agus ar ardchaighdeán a áirithiú do gach leanbh fiú le linn géarchéime amhail an paindéim; á mholadh do na Ballstáit dea-chleachtais a mhalartú i ndáil leis sin;

23. á thabhairt chun suntais, de bharr na mbeart éigeandála a glacadh i roinnt mhaith Ballstát, gur minic a raibh srian ar rochtain fhisiciúil ar dhochtúirí agus ar sheirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear ospidéil, gur cuireadh siar cóireálacha leighis neamhphráinneacha, lena n-áirítear idirghabhálacha máinliachta, agus gur thit líon na n-othar ailse san ospidéal go géar; á iarraidh ar na Ballstáit urraim a thabhairt don cheart chun cúram sláinte atá ag gach duine;

24. á thabhairt chun suntais go bhfuil aistriú nach bhfacthas riamh roimhe seo chuig an bhfoghlaim ar líne mar thoradh ar dhúnadh na saoráidí oideachais sna Ballstáit uile, cé go raibh easpa bonneagar digiteach sna córais oideachais, go raibh níos lú ná 40 % d'oidí réidh le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc[1] agus as tithe ar ioncam

[1] An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, *Torthaí TALIS 2018* OECD Publishing, Páras 2019. Reáchtáladh an príomhshuirbhé (Gnáthaicmiú Idirnáisiúnta Oideachais leibhéal 2) i 31 thír ECFE, lena gcuimsítear 22 Bhallstát AE (An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an

íseal nach bhfuil rochtain acu ar ríomhairí go leor dóibh; á iarraidh ar na Ballstáit urraim a thabhairt don cheart chun oideachais agus gan idirdhealú a dhéanamh ar leanaí ó thithe ar ioncam íseal;

25. ag cur béim ar an bhfíoras go ndearna na bearta sriantacha sna Ballstáit difear do ghníomhaíochtaí na gcúirteanna agus an chórais bhreithiúnaigh;

26. ag tarraingt aird ar na hachainíocha a bhaineann leis an bpaindéim ina gcáintear na srianta taistil, go háirithe i gcás lánúineacha a bhfuil cónaí orthu i dtíortha éagsúla, chomh maith leis na hachainíocha sin a ardaíonn saincheisteanna maidir leis an easpa cosaint chuí ag an obair d'oibrithe i staideanna leochaileacha agus fadhbanna maidir le deimhniú digiteach COVID an Aontais a fháil do dhaoine a théarnaigh ó ionfhabhtuithe COVID-19; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na cásanna uile nach gcomhlíonann dlí an Aontais agus iad a réiteach ar bhealach tráthúil, lena n-áirithítear go gcuirfear chun feidhme na leibhéil is airde sláinte agus sábháilteachta sna timpeallachtaí oibre uile agus sa saol príobháideach agus teaghlaigh chomh maith;

27. ag tarraingt aird ar an iliomad achainíocha a fuarthas ag cáineadh coireanna comhshaoil, lena n-áirítear coireanna a bhfuil impleachtaí trasteorann acu, a bhaineann, *inter alia*, le lománaíocht neamhdhleathach, gáinneáil ar dhramhaíl aindleathach agus dumpáil, gáinneáil ar fhiadhúlra agus scriosadh a dhéanann dálaí bithéagsúlachta níos measa agus leibhéil mhéadaithe dífhoraoisithe, agus truaillithe ithreach, uisce agus aeir; á chur i bhfáth a phráinní atá sé creat dlíthiúil reatha AE a neartú, ar creat é atá lochtach mar gheall ar srianta agus easnaimh shuntasacha, chun na leibhéil is airde cosanta a áirithiú do shláinte na saoránach agus don chomhshaol;

28**.** ag leagan béim ar an mBrollach a ghabhann le Coinbhinsiún Aarhus maidir leis an gceart atá ag gach duine maireachtáil i dtimpeallacht atá oiriúnach dá sláinte agus dá bhfolláine agus ar Airteagal 37 den Chairt, lena ndearbhaítear nach mór bearta i dtreo ardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais; ag tabhairt dá haire an méadú tromchúiseach atá tagtha ar líon na n-achainíocha comhshaoil agus ag cur béime ar an ngá práinneach le himní ábhartha comhshaoil a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta le haghaidh gach beartas; ag meabhrú a rúin dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030: Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol][2], ós rud é gur cheart go n-aithneofar sa Chairt an ceart chun comhshaol folláin agus á iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht ina leith sin; ag tabhairt dá haire nach bhforáiltear i gcásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ach do chosaint indíreach ar an gceart chun timpeallacht fholláin trí smachtbhannaí a fhorchur ar sháruithe comhshaoil a mbíonn sárú ar chearta eile an duine a aithnítear cheana sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine mar thoradh orthu ag an am céanna, agus ar na cásanna sin amháin; á iarraidh go n-aithneofaí sa Choinbhinsiún luach intreach an dúlra agus na n-éiceachóras i bhfianaise na hidirghaolmhaireachta idir sochaithe daonna agus an dúlra agus go ndéanfar an ceart chun timpeallacht shábháilte, glan, sláintiúil agus inbhuanaithe a chumhdach mar a d'iarr Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa ina mholadh i mí Mheán Fómhair 2021; ag tabhairt dá haire gur chuir saoránaigh an

Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Slóivéin, an Spáinn agus an Sualainn).
[2] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0277.

Aontais a gcuid ábhar imní in iúl in achainíocha chuig an bParlaimint maidir le cur isteach ar an gcomhshaol agus meathlú ar an gcomhshaol agus a n-éilimh maidir leis an gceart chun cónaí i dtimpeallacht shláintiúil agus maidir le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil;

29. á athdhearbhú, go bhfuil an smacht reachta, saoirse na meán agus an comhrac éifeachtach i gcoinne an éillithe mar bhunsraith dár sochaithe agus gurb iad ár bpríomhluachanna iad; á chur i bhfáth, áfach, go bhfuil sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus shaoirse na meán, chomh maith le scaipeadh an éillithe a eascraíonn astu, fós ar bun san Aontas, agus go bhfuil líon na gcásanna sin méadaithe fiú le linn na paindéime;

30. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an bhagairt a bhaineann le cineálacha éagsúla bolscaireachta agus mífhaisnéise, lena n-áirítear bolscaireacht frithvacsaíne, ar bagairt í do shaol agus do shláinte an duine, don tsaoirse cainte agus don tsaoirse tuairimí a nochtadh agus do neamhspleáchas na meán, agus na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith acu ar cháilíocht na díospóireachta polaitiúla agus ar rannpháirtíocht na saoránach i sochaithe daonlathacha; á iarraidh ar an gCoimisiún neartú na litearthachta sna meáin a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh inti, chun tacú go gníomhach le hiriseoireacht ardcháilíochta agus cosaint sonraí a chothú agus éiceachóras ar líne atá níos trédhearcaí a chruthú agus saoirse na meán agus iolrachas sna meáin á gcosaint ag an am céanna;

31. á chur in iúl gur cúis imní di na hionsaithe leanúnacha ar neamhspleáchas na mbreithiúna i roinnt de na Ballstáit; á chur in iúl gur cúis mhór imní di na forbairtí diúltacha a tharla san Ungáir agus sa Pholainn araon; á chur in iúl gur cúis imní di an easpa dul chun cinn maidir le himeachtaí Airteagal 7 sa Chomhairle;

32. ag athdhearbhú a haiféala maidir leis an teorannú éifeachtach ar raon feidhme chur i bhfeidhm na Cairte mar gheall ar an léirmhíniú sriantach ar Airteagal 51 di; á mheabhrú go dtéann ionchais na saoránach níos faide ná cur chun feidhme docht na Cairte agus gur cheart go mbeadh sé mar chuspóir cearta bunúsacha a dhéanamh chomh héifeachtach agus is féidir; ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfar breithniú ar léirmhíniú Airteagal 51 a leathnú amach thar raon feidhme dhlí an Aontais nó é a scriosadh go hiomlán, mar a bhí luaite i rúin roimhe seo[3]; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil na parlaimintí náisiúnta lárnach maidir le cearta na Cairte a chur chun cinn agus a chosaint laistigh dá gcríocha; ag spreagadh na mBallstát prionsabail na Cairte a urramú go hiomlán agus dréachtú reachtach á dhéanamh acu agus a áirithiú go n-urramaíonn a ndlíthe náisiúnta na caighdeáin is airde maidir le cosaint na gceart bunúsach; á chreidiúint gur féidir le comhar idirpharlaiminteach ar shaincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm na Cairte idir Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta feabhas a chur ar chomhlíonadh na Cairte;

33. á chur i bhfáth gur féidir cur leis an gCairt a bheith ábhartha do shaol daoine trína húsáid i seomraí cúirte; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil an t-eolas faoin gCairt i measc cleachtóirí ceartais náisiúnta fós íseal[4] agus go bhféadfadh sé sin cur le feidhmiú

---

[3] Rún an 27 Feabhra 2014 maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach (2012), IO C 285, 29.8.2017, lch. 112.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch

míchuí na gceart bunúsach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an oiliúint a thugtar ar an gCairt do ghairmithe dlí a mhéadú;

34. á mheabhrú gur cheart cosaint daoine nádúrtha tráth a sonraí pearsanta á bpróiseáil a bheith ina ceart bunúsach; ag tabhairt rabhadh, cé go soláthraítear bealaí leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí chun a sonraí pearsanta a chosaint, agus a bpríobháideacht dá réir sin, go dtarlaíonn sáruithe ar shonraí agus mar thoradh air sin go mbíonn sárú ar rúndacht, ar infhaighteacht agus ar shláine, rud a chuireann cearta agus saoirsí daoine aonair i mbaol nó i mbaol mór; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí leanúint dá n-iarrachtaí maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart iomchuí teicniúil agus eagraíochtúil ag na heintitis fhreagracha chun sáruithe ar chosaint sonraí a sheachaint;

35. á mheabhrú gur ceart bunúsach í an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, tuairimí a bheith ag duine agus faisnéis agus smaointe a fháil agus a thabhairt; á chur in iúl gur ábhar imní di go ndéanfaí faisnéis bhréagach nó chúbláilte a chruthú, a scaipeadh agus a mhéadú trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh cúiseanna polaitiúla, idé-eolaíocha nó tráchtála; ag tabhairt dá haire go dtarraingníonn gníomhaíochtaí den sórt sin éifeachtaí suaiteacha láithreacha inár sochaithe agus go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith acu ar an daonlathas agus ar chearta an duine; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tionscnaimh a sheoladh lena n-iarrtar freagairtí ilghnéitheacha agus il-gheallsealbhóra chun cur i gcoinne na bréagaisnéise, chun feabhas a chur ar an ról atá ag meáin shaora, neamhspleácha agus éagsúla, chun infheistíocht a dhéanamh sna meáin agus sa litearthacht dhigiteach, lena ndéanfar daoine aonair a chumhachtú agus muinín an phobail a athbhunú;

36. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa tuairiscithe a dhéanann íospartaigh ar choireanna fuatha i ngeall ar choimircí neamhleora agus ar mhainneachtain na n-údarás imscrúdú cuí a dhéanamh ar choireanna fuatha sna Ballstáit agus teacht ar chiontuithe ina leith; á iarraidh ar an gComhairle dul ar aghaidh leis an measúnú ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le fuathchoireacht agus fuathchaint agus fógra foirmiúil a thabhairt don Pharlaimint gan aon mhoill maidir lena cinneadh d’aon toil;

37. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh Dearbhú Eorpach idirinstitiúideach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha mar phointe tagartha chun an claochlú digiteach Eorpach agus ról ceannródaíoch na hEorpa i mbeartais dhigiteacha a threorú; á mheabhrú go dtagann an Chairt ó thráth nuair nár tuigeadh an geilleagar digiteach mar a thuigtear inniu é; á chreidiúint, dá bhrí sin, go ndearnadh na hiarrachtaí chun ár saoránaigh a chosaint sa réimse digiteach a scaipeadh i dtograí, i rúin agus i ngníomhartha reachtacha; á iarraidh go mbeadh Cairt Eorpach um Chearta Digiteacha ann lena gcosnófar cearta AE sa ré dhigiteach agus lena n-aithneofar, *inter alia*, an rochtain ar an idirlíon mar cheart daonna;

38. ag tabhairt chun suntais go bhfuil gur luachanna a threisíonn a chéile iad cearta bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta a d’fhéadfadh a bheith ina mbagairt

---

agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU* [Straitéis chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a neartú san Aontas] (COM(2020)0711).

shistéamach ar an Aontas nuair a bhaintear an bonn uathu; á mheas go bhfuil próiseas a dhéantar d'aon ghnó sa Pholainn agus san Ungáir lena ndéantar cúlú ar an smachta reachta ag cur bac tromchúiseach ar chumas na saoránach a gcearta bunúsacha mar atá leagtha amach sa Chairt a fheidhmiú go hiomlán; ag cur a himní in iúl maidir le líon na sáruithe ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha i roinnt Ballstát eile, ar líon é atá ag dul i méid;

39. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht faireachais chun an bonn a bhaint ó chearta an duine mar a léiríodh le déanaí i scannal Pegasus NSO ina ndeimhnítear spiaireacht a bheith déanta, inter alia, ar chosantóirí chearta an duine agus ar iriseoirí; ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé rialacha náisiúnta agus idirnáisiúnta níos éifeachtaí a ghlacadh sa réimse sin chun cosaint agus sábháilteacht iomlán a áirithiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do chosantóirí chearta an duine, d'iriseoirí agus do dhaoine aonair eile a ndéanann an faireachas cibearshlándála agus an cur isteach difear dóibh.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 21.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 25<br>–: 4<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Alviina Alametsä, Andris Ameriks, Marc Angel, Margrete Auken, Alexander Bernhuber, Markus Buchheit, Ryszard Czarnecki, Francesca Donato, Eleonora Evi, Agnès Evren, Gheorghe Falcă, Emmanouil Fragkos, Gianna Gancia, Ibán García Del Blanco, Alexis Georgoulis, Vlad Gheorghe, Peter Jahr, Radan Kanev, Stelios Kympouropoulos, Cristina Maestre Martín De Almagro, Dolors Montserrat, Emil Radev, Sira Rego, Frédérique Ries, Alfred Sant, Massimiliano Smeriglio, Yana Toom, Loránt Vincze, Michal Wiezik, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mario Furore, Maite Pagazaurtundúa |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 25 | + |
|---|---|
| NI | Mario Furore |
| PPE | Alexander Bernhuber, Agnès Evren, Gheorghe Falcă, Peter Jahr, Stelios Kympouropoulos, Dolors Montserrat, Emil Radev |
| Renew | Vlad Gheorghe, Maite Pagazaurtundúa, Frédérique Ries, Yana Toom, Michal Wiezik |
| S&D | Alex Agius Saliba, Andris Ameriks, Marc Angel, Ibán García Del Blanco, Cristina Maestre Martín De Almagro, Alfred Sant, Massimiliano Smeriglio |
| The Left | Alexis Georgoulis, Sira Rego |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, Margrete Auken, Eleonora Evi |

| 4 | - |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki, Emmanouil Fragkos, Kosma Złotowski |
| NI | Francesca Donato |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ID | Markus Buchheit, Gianna Gancia |
| PPE | Radan Kanev, Loránt Vincze |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 13.7.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 46<br>–: 11<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Katarina Barley, Pernando Barrena Arza, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Jorge Buxadé Villalba, Anna Júlia Donáth, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Marina Kaljurand, Fabienne Keller, Peter Kofod, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Nuno Melo, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Paulo Rangel, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Yana Toom, Tom Vandendriessche, Bettina Vollath, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Bartosz Arłukowicz, Malin Björk, Gwendoline Delbos-Corfield, Cyrus Engerer, Daniel Freund, Balázs Hidvéghi, Beata Kempa, Jaak Madison, Fulvio Martusciello, Philippe Olivier, Anne-Sophie Pelletier, Rob Rooken, Róża Thun und Hohenstein, Nils Ušakovs, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Daniel Buda, Ladislav Ilčić, David Lega, Lucia Vuolo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 46 | + |
|---|---|
| PPE | Magdalena Adamowicz, Bartosz Arłukowicz, Vladimír Bilčík, Karolin Braunsberger-Reinhold, Daniel Buda, David Lega, Jeroen Lenaers, Fulvio Martusciello, Nuno Melo, Paulo Rangel, Lucia Vuolo, Javier Zarzalejos |
| RENEW | Abir Al-Sahlani, Anna Júlia Donáth, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Róża Thun und Hohenstein, Yana Toom |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Cyrus Engerer, Maria Grapini, Evin Incir, Marina Kaljurand, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Isabel Santos, Birgit Sippel, Nils Ušakovs, Bettina Vollath, Elena Yoncheva |
| THE LEFT | Konstantinos Arvanitis, Pernando Barrena Arza, Malin Björk, Anne-Sophie Pelletier |
| VERTS/ALE | Patrick Breyer, Gwendoline Delbos-Corfield, Daniel Freund, Alice Kuhnke, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 11 | - |
|---|---|
| ECR | Jorge Buxadé Villalba, Ladislav Ilčić, Beata Kempa, Rob Rooken, Vincenzo Sofo |
| ID | Peter Kofod, Jaak Madison, Philippe Olivier, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche |
| NI | Balázs Hidvéghi |

| 1 | 0 |
|---|---|
| PPE | Tomáš Zdechovský |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh